Clár

Réamhrá — Leathanach 2

Cad é an rud é Oideachas Chearta an Duine?

Cad chuige Oideachas a chur ar son Chearta an Duine i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann?

An Curaclam Bunscoile agus Oideachas Chearta an Duine

Cur chuige le cur san áireamh agus an modúl seo á úsáid Leathanach — **Leathanach 3**

1. Atmaisféar Chearta an Duine a Chruthú sa Seomra Ranga
2. Rannpháirteach sa Phróiseas Foghlama –Modhanna Foghlama Gníomhaí
3. An Fhoghlaim a Fhairsingiú –Smaointe le haghaidh Obair Thras-Churaclaim
4. Measúnú ar Fhoghlaim – Creatlach le haghaidh Measúnaithe
5. Ag tacú le Foghlaim na bPáistí – Smaointe le Tacú leis an Mhodúl seo

Ceacht a hAon	Cé muid?	Leathanach 14
Ceacht a Dó	Cad iad Ár gCearta?	Leathanach 18
Ceacht a Trí	Cearta agus Freagrachtaí	Leathanach 22
Ceacht a Ceathair	Cearta agus Freagrachtaí	Leathanach 28
Ceacht a Cúig	An Coinbhinsiún um Chearta an Pháiste	Leathanach 31
Ceacht a Sé	Gach Duine Cothrom?	Leathanach 34
Ceacht a Seacht	Teifigh…Is é an baile an áit is ansa liom	Leathanach 38
Ceacht a hOcht	Dearcadh…Fiche insint ar gach scéal	Leathanach 42
Ceacht a Naoi	Lucht Chur Chun Cinn Chearta an Duine	Leathanach 47
Ceacht a Deich	Ag Obair ar son Chearta an Duine	Leathanach 52
Aguisíní	Coinbhinsiún um Chearta an Pháiste	Leathanach 55
	Liosta Áiseanna	Leathanach 56
	Líonláithreáin	Leathanach 58
	Measúnú	Leathanach 59
Teimpléid	Crog	Leathanach 62
	Spáslong Chroig	Leathanach 63
	Páipéar Ranga gan Línte	Leathanach 64

Réamhrá



Cad é an rud é Oideachas Chearta an Duine?

Is fearr a chuirtear síos ar oideachas chearta an duine mar phróiseas foghlama a chuireann roimhe:

- a chinntiú go bhfuil tuiscint ag páistí ar a gcearta féin agus ar a bhfreagrachtaí bainteacha;
- dearcadh a chothú maidir le hurraim agus le meas a thabhairt d'uathúlacht gach duine;
- scileanna a chur chun cinn a chuireann ar chumas páistí gníomhú ar bhealaí a chosnaíonn agus a chuireann chun cinn cearta an duine.

Baineann cearta an duine le gach leibhéal oideachais. Is maith is eol don t-aos óg go luath ina saol ceisteanna a bhaineann le ceartas, coincheap atá taobh thiar d'oideachas chearta an duine. Is cuid thábhachtach den phróiseas foghlama deiseanna a aimsiú le linn oideachais fhoirmiúil chun smaointeoireacht agus gníomhú maidir le cearta an duine a chothú.

Cad chuige Oideachas ar son Chearta an Duine i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann?

Ní bhaineann an t-oideachas le páistí a ullmhú do shaol an duine fhásta amháin. Baineann sé le cuidiú le páistí chun plé le castachtaí a saoil faoi láthair. Tá taithí ag páistí bunscoile ó Thuaisceart Éireann agus ó Phoblacht na hÉireann, mar atá acu go fóill, ar chonspóid agus ar choimhlint. Is páistí iad atá ar oileán a roghnaigh an tsíocháin mar chuspóir aige mar bhealach chun tosaigh agus a aithníonn má tá fíorshíocháin bhuan ann ní mór gealltanas a bheith ann chun cearta gach duine a aithint agus a luach a thabhairt dóibh. Is ceist reatha í mar sin, oideachas a chur ar son chearta agus ar son freagrachtaí an duine. Is féidir le feasacht ghníomhach na bpáistí a chumasú mar aisteoirí cruthaíocha anois agus amach anseo.

An Curaclam Bunscoile agus Oideachas Chearta an Duine

Baineann oideachas bunscoile le forbairt an pháiste iomláin mar dhuine ar leith. Is é atá i gceist leis timpeallacht a chruthú inar féidir leis an pháiste fás agus forbairt lena lánacmhainneacht a bhaint amach. Aithníonn sé nach duine scartha gach páiste ach gur ball teaghlaigh, ball de phobail agus leoga ball de phobal domhanda iad. Le linn saol na bunscoile tá tuiscint á fhorbairt ag an pháiste ar cad is duine aonair ann agus ar an dóigh le caitheamh le daoine eile. Tacaíonn oideachas chearta an duine leis an fhorbairt sin trí taithí (eispéireas) oideachasúil a sholáthar a thugann faill do pháistí forbairt ar bhonn pearsanta agus sóisialta. Sa chomhthéacs sin, bíonn gach cosúlacht ann go bhféadann le hoideachas chearta an duine aidhmeanna leathana bunoideachais i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann a bhaint amach. Mar shampla, cuireann an curaclam i dTuaisceart Éireann ag Eochairchéim 2 roimhe forbairt iomlánaíoch an pháiste a chothú trí:

- ***scileanna*** riachtanacha a fhorbairt a chuirfeadh ar chumas na bpáistí ***páirt a ghlacadh*** mar bhaill rannpháirtíocha grúpaí;
- leanúint ar aghaidh le fiosracht nádúrtha páistí a fhorbairt agus a gcuid samhlaíochta a chothú;
- deiseanna a thabhairt chun ***taiscéaladh, imscrúdú, fadhbfhuascailt*** agus ***cinnteoireacht*** a dhéanamh. (Curaclam Thuaisceart Éireann, Eochairchéimeanna 1 agus 2, Tréithe an Churaclaim ag Eochairchéim 2)

Agus aidhmeanna churaclam na bunscoile i bPoblacht na hÉireann á meas, díríonn an dara haidhm ghinearálta ar a thábhachtaí atá sé gné oideachas chearta an duine a chur san áireamh sa churaclam:

> ***"Le cur ar chumas an pháiste forbairt mar dhuine sóisialta trí mhaireachtáil agus trí chomhoibriú agus mar sin le cur le leas na sochaí."*** (Curaclam Bunscoile Phoblacht na hÉireann, Intreoir, leathanach 7)

Comhlánaíonn agus tacaíonn oideachas chearta an duine, mar sin, agus a bhéim ar fhorbairt scileanna agus ar thuairimí a chothú, le próisis foghlama an dá churaclam.

Cé gur chóir , ar an chéad dul síos, go mbuntacódh próiseas oideachas chearta an duine gach cineál foghlama agus gach gníomhaíocht laistigh agus lasmuigh den scoil, tá sé tábhachtach cur ar chumas múinteoirí spás curaclaim a aimsiú a thacódh lena thabhairt isteach. Téann an modúl seo go háirithe leis an chlár Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte (OSPS) de chuid an Churaclaim Bhunscoile, Poblacht na hÉireann. I gCuraclam Nua Thuaisceart Eireann, is é Forbairt Pearsante is mó a theann an modúl seo. Is é a chuireann sé roimhe páistí a dhéanamh páirteach i bhforbairt na bpróiseas agus na scileanna atá taobh thiar den churaclam. Cuireann sé ar a gcumas ceisteanna maidir lena bhforbairt féin agus le forbairt na sochaí a imscrúdú, agus mar sin ag tacú lena bhforbairt mar dhaoine aonair agus mar shaoránaigh.

1 SEOMRA RANGA CHEARTA AN DUINE A CHRÚTHÚ

An tAtmaisféar A Chrúthú

Is cuid bhunúsach an timpeallacht ina bhfuilimid ag teagasc lena chinntiú go dtagann na páistí ar fhíorthuiscint ar chearta agus ar fhreagrachtaí. Is trí taithí (eispéireas) ar á gcearta daonna féin a bheith urramaithe a chuirfidh ar chumas an pháiste a aithint nach coincheapa amháin iad cearta agus freagrachtaí, ach slí bheatha.

Tá sé tábhachtach mar sin i dtaca leis na páistí:

- ní amháin go múintear urraim do na páistí ach go dtaithíonn siad urraim sa seomra ranga;
- ní amháin go múintear freagracht do na páistí amháin ach go dtaithíonn siad freagracht ina saol ar scoil;
- ní amháin go n-insítear dóibh faoi ghá le bheith caoin-fhoighneach ach go dtaithíonn siad meas ar éagsúlacht.

Tá sé tábhachtach go bhfuil timpeallacht an tseomra ranga:

- ag tabhairt luacha d'ionchur gach páiste;
- ag urramú ceart chun saoirse tuairimíochta;
- ag spreagadh páirtíocht ghníomhach.

Cruthaítear a leithéid de thimpeallacht nuair a oibríonn múinteoirí agus páistí le chéile lena chinntiú go léiríonn an t-eispéireas sa seomra ranga na luachanna agus na tuairimí a thacaíonn le cearta an duine. Cé gur féidir le tacar rialacha nó treoirphrionsabail sa seomra ranga cuidiú le tacaíocht a thabhairt do choincheap chearta agus fhreagrachtaí an duine, tá sé ríthábhachtach go bhforbraítear a leithéid de phrionsabail ar bhealach atá comhoibríoch agus urramach.

Fís Ranga a Fhorbairt

De réir mar a thosaíonn tú ar an mhodúl seo a úsáid, mura raibh sé déanta agat cheana, imscrúdaigh leis na páistí an luach agus an tábhacht atá le háit a dhéanamh den seomra ranga atá cothrom do chách. Forbair leo tacar prionsabal a shíleann siad a dhéanfaidh a leithéid d'áit den seomra ranga. Tosaigh an ransú smaointe leis an cheist:

Cad é a thig linn a dhéanamh sa seomra ranga seo lena chinntiú go gcaitear go cothrom le gach duine?

(Cinntigh go léiríonn an liosta prionsabail a bhaineann leis an múinteoir agus leis na páistí araon.)

A luaithe is atá an ransú smaointe críochnaithe, is féidir leis na páistí, i ngrúpaí de sheisear ar a mhéad, cé acu smaointe is tábhachtaí, dar leo, a phlé. D'fhéadfá smaointe a iarraidh ar gach grúpa agus plé ranga iomláin a stiúradh go dtí go dtagtar ar chomhréiteach. Os a choinne sin, áfach, d'fhéadfá iarraidh ar gach grúpa comhaontú ar liosta idir cúig agus deich bprionsabal. Cruthaigh póstaer de na prionsabail i gcomhair leis na páistí. Is féidir a mholadh go dtugann na páistí athchuairt ar na prionsabail seo le fáil amach an bhfuil siad ag cloí leis na prionsabail.

Ár bhFís Ranga

Go gcaitear go cothrom agus go hurramach le gach ball den phobal foghlama seo.

Go ndéanaimid iarracht cuidiú agus tacú le chéile i ngach gníomhaíocht dár gcuid.

Go n-amharctar ar gach duine mar dhuine a chuireann leis an phobal foghlaimeoirí.

Go ndéanaimid iarracht go mothaíonn gach duine go bhfuil tábhacht leo agus go bhfuil siad páirteach inár gcluichí agus inár ngníomhaíochtaí.

2 RANNPHÁIRTEACH SA PHRÓISEAS FOGHLAMA

Tá an modúl seo bunaithe ar an choincheap gur rannpháirtithe gníomhacha na páistí sa phróiseas foghlama agus nach páistí atá le líonadh le heolas iad. Sa mhodúl tríd síos tá gealltanas ann lena chinntiú go bhfuil luach le glór an pháiste agus go bhforbraítear, trí fhoghlaim ghníomhach agus rannpháirteach, na scileanna atá de dhíth chun cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint. Cuireann an modúl seo roimhe go gcinntíonn sé go bhfuil cothromaíocht ann idir fhoghlaim aonair, foghlaim chomhoibríoch agus foghlaim ranga iomláin agus úsáideann sé éagsúlacht modheolaíochtaí eile a thacaíonn leis.

Foghlaim aonair

Dearadh cuid de na gníomhaíochtaí a mholtar lena chinntiú gur féidir le gach páiste é féin/í féin a chur in iúl. Cuidíonn úsáid na leathain oibre aonair agus na gcleachtaí eile le páistí bheith páirteach sa phróiseas foghlama mar dhaoine aonair agus ligeann sé dóibh taifead dá bhfoghlaim féin a choinneáil.

Foghlaim chomhoibríoch

Méadaíonn an obair i ngrúpaí beaga rannpháirtíocht na bpáistí sa phróiseas foghlama. Nuair

atá comhoibriú ann i ngrúpaí cumais mheasctha spreagann sé páistí luach an duine eile a aithint mar dhaoine aonair agus an éagsúlacht is bun le gach gníomhaíocht dhaonna a thabhairt faoi deara. Sa mhodúl tríd síos, is féidir gníomhaíochtaí grúpoibre a úsáid le cuidiú le páistí a dtuiscint ar chearta an duine a fhorbairt agus eochairscileanna a fhorbairt amhail cumarsáid, cinnteoireacht agus neartú comhthola.

Foghlaim ranga iomláin

Is bealach luachmhar do pháistí díospóireachtaí ranga iomláin chun smaointe agus ceisteanna chearta an duine a fhiosrú le chéile. Is féidir, lena leithéid de dhíospóireacht, go n-éistfear leis an raon is leithne barúlacha. Is féidir go dtiocfaidh na páistí ar an eolas faoina éagsúla atá barúlacha ar cheist ar bith agus é sin a aithint. Mar sin e, is féidir meas ar bharúlacha eile a fhorbairt.

Machnamh

Ag deireadh roinnt ceachtanna nó ag deireadh na gceachtanna uile d'fhéadfadh an múinteoir na páistí a spreagadh chun machnamh criticiúil ar a bhfoghlaim féin a dhéanamh. Is féidir é seo a dhéanamh trí na páistí a spreagadh le cur in iúl má bhain siad taitneamh as gníomhaíocht, leis an rud a d'fhoghlaim siad a phlé agus le cur síos ar na mothúcháin a bhí acu le linn na gníomhaíochta.

I measc na bpríomh-mhodheolaíochtaí eile tá:

- Cásanna rólghníomhaíochtaí a bhfuil sé mar aidhm acu tuiscint mhéadaithe ar cheist agus comhthuiscint mhéadaithe a spreagadh leo siúd atá páirteach.
- Obair ealaíne, a bhfuil sé mar aidhm aici a chinntiú go bpléann na páistí go samhlaíoch leis na ceisteanna agus leis na cásanna. D'fhéadfaí iad a spreagadh chun iad féin a chur in iúl i ar bhealaí eile seachas le focail.
- Bíonn timpeallacht shlán ann le hAm Ciorcail ina dtugtar deiseanna do na páistí labhairt go hoscailte faoi cheisteanna ar tábhachtach leo iad.
- Cuidíonn TFC le páistí an ríomhaire a úsáid agus a thuiscint mar uirlis chumarsáide agus mar fhoinse eolais.

3 AN FHOGHLAIM A LEATHNÚ: A CUR CHUIGE TRAS-CHURACLAIM

Má ghlactar leis an chur chuige tras-churaclaim chun gníomhaíochtaí agus próisis a fhairsingiú a thugtar isteach sa mhodúl seo tá roinnt buntáistí leis. Foghlaimíonn na páistí an dóigh le naisc a dhéanamh agus amharcann siad ar oideachas chearta an duine, ní mar ábhar, ach mar bhealach le hamharc ar an saol. Tá gníomhaíocht fairsingithe le gach ceacht sa mhodúl a bhfuil nasc aici le réimse eile curaclaim. Is féidir, áfach, smaointe sa mhodúl seo a fhairsingiú trasna an churaclaim ar fad. Tá roinnt smaointe breactha síos ar an dóigh le tabhairt faoi sin ar an chéad leathanach eile i dtrí ghréasán curaclaim.

Téann fócas le gach gréasán:

- An téama 'Cearta agus Freagrachtaí an Duine' a fhiosrú
- An Coinbhinsiún um Chearta an Pháiste a fhiosrú
- Éiteas agus cleachtas seomra ranga a fhorbairt.

Níl na moltaí seo cuimsitheach ach is é atá i gceist leo creatlach a mholadh le foghlaim na

Naisc Churaclaim a Mholtar

Cearta agus Freagrachtaí an Duine

Ealaín agus Dearadh/ (Na hAmharc Ealaíona)

Ar na gníomhaíochtaí tá:

- Athbhreithniú ar nuachtáin le haghaidh pictiúir a bhaineann le cearta an duine le go ndéanfar colláis dá leithéid.
- Póstaeir agus pictiúir a léiríonn tuiscint nó léirmhíniú na bpáistí ar chearta difriúla ón Choinbhinsiún um Chearta an Pháiste.
- Sluáin agus Meirgí a léiríonn ceisteanna a bhaineann le cearta áitiúla agus domhanda.

Matamaitic/TFC

Ar na gníomhaíochtaí tá:

- Graif a úsáid le sonraí staitistiúla a léiriú amhail céatadán dhaonra an domhain a bhfuil/nach bhfuil rochtain ar oideachas, ar go leor bia nó ar uisce glan acu.
- Sonraí a bhailiú agus iad a ríomh.
- Inneallacha cuardaigh a úsáid le líonláithreáin a aimsiú agus a thaiscéaladh.

Stair

Ar na gníomhaíochtaí tá:

- Staidéar ar shaolta daoine stairiúla a thacaigh le cearta an duine, m. sh., Martin Luther King, Ghandi, Eleanor Roosevelt, etc.
- Saoil páistí a scrúdú le linn tréimhsí difriúla staire, e.g., an Réabhlóid Thionsclaíoch, na 1950í etc.
- Staidéar ar theagmhais a bhaineann le ceisteanna Chearta an Duine, m. sh., sclábhaíocht sna Stáit Aontaithe, Cinedheighilt san Afraic Theas.

Tíreolaíocht

Ar na gníomhaíochtaí tá:

- An ceantar máguaird a mhapáil ag léiriú foirgnimh ina dtugtar tacaíocht do chearta an duine.
- Cás-staidéir a úsáid ó thíortha difriúla le buncheisteanna chearta an duine a thaiscéaladh e.g., bia, uisce, dídean.
- Gníomh agus freagrachtaí maidir leis an timpeallacht a fhiosrú

Drámaíocht

Ar na gníomhaíochtaí tá:

- Radharcraí rólghníomhaíochtaí, féach, mar shampla, gníomhaíocht fairsingithe roghnach Cheacht 6.
- Gníomhaíochtaí míme, mar shampla teagmhas Bulaíochta, Teifigh ag fágáil a dtithe in am an ghátair agus ag taisteal chuig tír eile, etc.
- Ardán cainte – léiríonn páistí dearcaidh difriúla ar cheist, mar shampla, rochtain míchumais ar scoil.

Teanga/ Gaeilge/Béarla

Ar na gníomhaíochtaí tá:

- Téamaí chearta an duine a thaiscéaladh trí litríocht.
- An díospóireacht a úsáid chun ceisteanna chearta an duine a thaiscéaladh, m. sh., go bhfuil an ceart ag páistí chun barúil a bheith acu agus í a thabhairt.
- Grúp-dhíospóireachtaí ar cheisteanna chearta an duine.
- Filíocht agus gearrscéalta a scríobh a chuireann in iúl tuiscint na bpáistí ar chearta an duine.

Teagasc Críotaí

Ar na gníomhaíochtaí tá:

- Tuiscint ar fhreagrachtaí atá againn a fhorbairt maidir le haire a thabhairt dá cheile agus dár ndomhan.
- Staidéar ar na daoine agus ar na grúpaí a d'oibrigh ar son chearta an duine.
- Scéalta reiligiúnacha agus mórálacha a léiríonn téama Chearta an Duine a athinsint.

An Coinbhinsiún um Chearta an Pháiste a Thaiscéaladh

Tá ag páistí an ceart chun go leor bia agus uisce ghlain

Ar na gníomhaíochtaí tá:

- Suirbhé ar thithe páistí le fáil amach cá has a dtagann an soláthar uisce, .i. grúp-scéim uisce, toibreacha príobháideacha, etc.
- Turgnaimh eolaíochta ar ghalú, chomhdhlúthú, agus íonú uisce.
- Ceachtanna Oideachas Sláinte ar thábhacht an uisce san aiste bia.
- Taiscéaladh a dhéanamh leis na páistí faoin fhíoras go bhfuil na billiúin daoine ar an phláinéad nach bhfuil teacht acu ar sholáthar iontaofa uisce ghlain.

Tá ag páistí an ceart chun tuairim a bheith acu agus í a nochtadh

Ar na gníomhaíochtaí tá:

- Gníomhaíochtaí Am Ciorcail a spreagann páistí a dtuairimí a nochtadh maidir le ceisteanna ar an áit le dul ar thuras scoile; an dóigh le háiseanna súgartha sa scoil a fheabhsú, etc.
- Gníomhaíochtaí ardán cainte a chuireann ar chumas an pháiste a dtuairimí a thabhairt, mar shampla, cé acu an chóir an éide scoile bheith éigeantach nó nár chóir.

Tá ag páistí an ceart chun a bheith lena dteaghlach nó leo siúd a thugann an aire is fearr dóibh

Ar na gníomhaíochtaí tá:

- Ag plé nó ag léamh faoi ghrúpaí difriúla teaghlaigh.
- Grianghraif de theaghlaigh daltaí a léiriú.
- Craobhacha ginealacha a chur le chéile.
- Baill theaghlaigh a chur faoi agallamh.
- Cuireadh a thabhairt do dhaoine ó chúlraí difriúla eitneacha sa cheantar le struchtúr teaghlaigh ina gcultúir féin a phlé.

An Coinbhinsiún um Chearta an Pháiste

Tá ag páistí an ceart chun a dteanga féin a labhairt agus chun a reiligiún agus a gcultúr féin a chleachtadh

Ar na gníomhaíochtaí tá:

- Bunfhoclóir teangacha eile a fhoghlaim, m. sh. teangacha na bpáistí ó chúlraí difriúla eitneacha sa scoil nó sa phobal áitiúil.
- Creidimh reiligiúnacha dhifriúla agus gnásanna grúpaí eile a imscrúdú.
- Cuairt a thabhairt ar áiteanna adhartha, m. sh., eaglais, mosc, halla ríochta.
- Amhráin a fhoghlaim i dteangacha eile agus/nó ó chultúir eile.

Tá ag páistí an ceart chun oideachais shaoir

Ar na gníomhaíochtaí tá:

- Scéalta a léamh ar laethanta scoile, m. sh., Huckleberry Finn, To School Through the Fields, Nuair a Bhí Mé Óg.
- Cuairt a thabhairt ar scoileanna eile sa chomharsanacht nó nasc a dhéanamh tríd an ríomhphost.
- Bileog/taispeántas a fhorbairt ar 'Ár Scoil'.
- Tíortha nach bhfuil an ceart chun oideachais ag gach duine iontu a scrúdú, m. sh. An Bhanglaidéis, An tSaimbia, An India.

Éiteas agus Cleachtas Ranga

Éiteas agus Cleachtas Ranga

Feasach Chearta an Duine a spreagadh trí

Ar na gníomhaíochtaí tá:

- Lá scoile iomláin dírithe ar chearta an duine ina n-ullmhaíonn gach rang gníomhaíocht/taispeántas amháin bunaithe ar chearta an duine agus é a chur i láthair.
- Úrscéal nó dán a úsáid chun feasacht ar chearta an duine a chruthú, m. sh., Faoin Sceach Gheal.
- Cuireadh a thabhairt d'aoichainteoirí a bhí ag obair ar son chearta an duine, ó eagraíochtaí amhail Amnesty Idirnáisiúnta, Save the Children, Christian Aid, Trócaire.
- Cuid den seomra ranga a úsáid mar chúinne chearta an duine le haghaidh taispeántais leanúnacha faoi cheisteanna ceart sna meáin.

Cleachtas Ranga

Ar na gníomhaíochtaí tá:

- Faill a thabhairt chun tuairimí a nochtadh.
- Díospóireacht a spreagadh sula dtagtar ar dhearcadh.
- Bheith comhfhiosach faoi do chuid gníomhaíochtaí féin maidir le tacú le cearta an duine.
- Rialacha ranga a fhorbairt i gcomhthéacs rannpháirteach.

Teagmhais ranga a thaiscéaladh maidir le gnéithe chearta an duine amhail

- Bulaíocht – an ceart chun a bheith cosanta.
- Gadaíocht – an ceart chun úinéireachta.
- Leasainmneacha a ghlaoch – an ceart gan idirdhealú a dhéanamh.
- Eisiata on súgradh – an ceart chun súgartha.

Próisis Teagaisc agus Foghlama

Próisis a úsáideann bunscileanna chearta an duine a spreagadh trí ghníomhaíochtaí ina bhfuil:

Imscrúdú

Samhlú

Machnamh

Tuar

Taifeadadh

Iniúchadh

Machnamh agus gníomhú dearfach a dhaingniú

Ar na gníomhaíochtaí tá:

- Iompraíocht dhearfach chearta an duine a thabhairt chun solais.
- Gníomhaíochtaí ranga a spreagadh chun cearta an duine a chur chun cinn sa scoil, sa phobal agus sa saol mór.
- Dialann cinnteoireachta a úsáid le go mbeidh páistí in ann a ngníomhartha féin a thaifead agus ar a dóigh a dtéann na cinntí i bhfeidhm ar dhaoine eile.

4 MEASÚNÚ AR FHOGHLAIM:

Tá réimse straitéisí measúnaithe de dhíth ar mhúinteoirí le forbairtí tuisceana, scileanna agus dearcaí páistí a fháil amach agus a mheas. Is féidir go mbeidh, i measc na straitéisí, féinmheasúnú a dhéanann na páistí agus raon modhanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla a úsáideann an múinteoir orthu siúd tá, obair scríofa, breathnú ar iompraíocht páistí agus dearcaí páistí a thaiscéaladh. Áirítear leis san aguisín seicliosta le cuidiú le múinteoirí measúnú agus meastóireacht a dhéanamh ar scileanna, ar dhearcaí agus ar eolas le linn na scoilbhliana.

Tuiscint

Tugtar le fios forbairtí i dtuiscint an pháiste ar chearta an duine trí chumas chun

- úsáid chuí a bhaint as fhoclóir chearta an duine (m. sh. riachtanais, mianta, cearta, freagrachtaí);
- ceisteanna chearta agus fhreagrachtaí an duine i ngnáthimeachtaí laethúla;
- teagmhais a aimsiú a léiríonn coimhlintí chearta an duine;
- samplaí a thabhairt ar chearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint agus labhairt fúthu.

Dearcaí

Léirítear forbairtí i scileanna páistí chun cearta an duine a thaiscéaladh trí chumas chun

- éisteacht go hurramach;
- smaointe agus dearcaidh a chur in iúl go soiléir;
- comhoibriú i ngrúpaí;
- réitigh ar choimhlintí nó ar fhadhbanna chearta an duine a mholadh;
- a bheith páirteach i bplé agus i ndíospóireachtaí ranga.

Scileanna

Tugtar le fios forbairtí dearcaí páistí chun ceisteanna chearta an duine a thaiscéaladh tríd an chumas chun

- dearcaí a d'fhéadfaí bheith teorantach nó dochrach a aimsiú;
- athruithe ar a ndearcaí féin a aimsiú;
- machnamh a dhéanamh ar a ndearcaí féin maidir le smaointe agus le tuairimí daoine eile;
- caoinfhulaingt a léiriú do dhaoine eile a bhfuil dearcaí difriúla acu;
- an nasc idir dearcaí agus gníomhartha a aithint.

5 AG TACÚ LE FOGHLAIM PÁISTÍ: ROINNT SMAOINTE LE HÚSÁID SA MHODÚL SEO

Comhad agus leathanaigh chearta an duine

Is féidir comhad mainile a thabhairt do gach páiste ina dtig leo a leathain oibre agus gach ábhar eile a fhorbraítear sa mhodúl a chur. Ba chóir go mbeadh roinnt leathan bán agus línithe sa chomhad (féach teimpléad 3 san áis seo). Thiocfadh gach páiste a spreagadh chun a gcomhad a phearsanú trína ainm a chur agus trí shiombail nó pictiúr a tharraingt ar a thosach. Taifead ar obair an pháiste a bheadh ann mar sin agus is féidir leis cuidiú leis an mhúinteoir foghlaim a mheasúnú.

Eochairfhocal Chearta an Duine

Malastú anseo idir "an múinteoir" agus 2ú duine rearsanta. Cuidíonn úsáid eochairfhocal chearta an duine sa mhodúl seo le fócas a sholáthar d'fhoghlaim na bpáistí agus iad a thabhairt isteach chuig teanga chearta an duine. Is féidir úsáid a bhaint as an eochairfhocal mar uirlis le haghaidh machnaimh nó meastóireachta. Tig le múinteoirí páistí a mhealladh chun an eochairfhocal a mhíniú, a dtuiscint féin a léiriú ar an fhocal, scéal a scríobh faoi, é a mhaisiú nó rólghníomhaíocht a fhorbairt faoi. Cuireann sé ar chumas múinteoirí súil siar a chaitheamh ar cheachtanna le linn an chúrsa agus ag deireadh an mhodúil. Molaimid go n-úsáideann an múinteoir teimpléad 1, Spáslong Chroig, chun póstaer ranga a chruthú ar féidir a chur in taispeáint. Is féidir gach eochairfhocal a scríobh i rannóg áirithe na spásloinge ag deireadh gach ceachta. Moltar fosta go dtugtar an teimpléad seo mar leathanach oibre do na paistí. De réir mar a chuireann siad gach eochairfhocal isteach spreag iad rannóg na spásloinge nó an phóstaeir a mhaisiú i stíl dá gcuid féin. Is féidir an leathan oibre seo a choinneáil mar sin mar thaifead leanúnach dá gcuid foghlama.

Cúinne chearta an duine

Is féidir tri chúinne chearta an duine a chruthú sa seomra go dtabharfar beocht don mhodúl seo. Is féidir le múinteoirí cóip den Choinbhinsiún um Chearta an Pháiste a chur ar taispeáint sa chúinne taobh le póstaer de Spáslong Chroig chomh maith le spás breise a thabhairt le leathain oibre na bpáistí agus ábhar ar bith eile a fhorbraíonn siad mar chuid den mhodúl a thaispeáint. Tig an cúinne seo a úsáid i rith na bliana, mar bhealach lena chinntiú go bhfanann na páistí eolach ar thábhacht chearta an duine i ndiaidh don mhodúl bheith críochnaithe.

Coinbhinsiún um Chearta an Pháiste

Is é an Coinbhinsiún um Chearta an Pháiste an doiciméad cearta duine is tábhachtaí do pháistí. Is pointe tábhachtach tagartha an Coinbhinsiún do pháistí. Is bunchloch é an t-eolas ar chearta agus ar fhreagrachtaí atá fréamhaithe sa Choinbhinsiún ar a dtig leo scileanna agus dearcadh dearfach a thógáil. Scríobhadh ar a son é agus shínigh Rialtas na hÉireann agus Rialtas na Breataine beirt é. Is tábhachtach go mbíonn na páistí eolach gur ann don Choinbhinsiún seo agus go gcuireann siad tús le raon chearta gach páiste i ngach áit a aithint agus a thuiscint.

Naisc le Scoileanna Eile

Aithnítear go maith an tábhacht atá le scoileanna a nascadh agus is féidir é a mheas mar thacaíocht don fhoghlaim. Cé gur féidir curaclam chearta an duine a sholáthar go rathúil i gcomhthéacs na scoile aonair, tig, trí thaithí agus trí fhoghlaim a roinnt, an próiseas a shaibhriú do mhúinteoirí agus do pháistí araon. Is iomaí bealach is féidir le nascadh agus le cumarsáid trasna teorannacha tarlú:

- Tabhairt faoi chumarsáid leanúnach trí litreacha agus faics/feacs a chur in éineacht le comhscoil;
- Físeáin de na páistí a dhéanamh agus próifílí pearsanta a chur chuig comhscoil;
- Físchomhdháil idir scoileanna a dhéanamh le díospóireacht a dhéanamh ar cheisteanna chearta an duine nó iad a phlé;
- Ríomhphost leanúnach idir daltaí chun smaointe a mhalartú maidir le cearta an duine;
- Cruinnithe comhchaidirimh idir comhscoileanna chun foghlaim a mhalartú.

Struchtúr Ceachta

Ta gach ceacht sa mhodúl seo struchtúrtha ar bhonn roinnt eochairghnéithe

Téama Chroig:
Leagann an téama comhthéacs don cheacht.

Eochairfhocal:
Tugann eochairfhocal fócas don cheacht.

Cuspóirí Foghlama:
Breacann na cuspóirí foghlama síos an t-eolas, dearcaí agus scileanna atá á bhforbairt i ngach ceacht.

An rud atá de dhíth ort:
Liosta áiseanna riachtanach don cheacht.

Gníomhaíocht tosaigh:
Gníomhaíocht a leagann amach comhthéacs do na paistí.

Gníomhaíocht forbartha:
Gníomhaíocht níos doimhne a chuidíonn le tuiscint, dearcaí agus scileanna na bpáistí a fhairsingiú agus a dhoimhniú maidir le taiscéaladh na n-eochairfhocal.

Gníomhaíocht fairsingithe roghnach:
A thugann faill do mhúinteoirí an fhoghlaim a fhairsingiú isteach i réimse eile curaclaim.

Crog an Carachtar

Forbraíodh an caractar, Crog mar chaoi chun cur ar chumas na bpáistí an choincheap a dhaingniú ar bhealach níos dírí go bhfuil luach le cearta agus le freagrachtaí an duine agus gur slí é lenár lánacmhainneacht a bhaint amach. Níor tugadh an carachtar seo isteach i rith an mhodúil seo ach mar sheift chun fócas a sholáthar i dtaca le taiscéalaíocht na bpáistí. Is féidir gur fearr le roinnt múinteoirí na gníomhaíochtaí modúil a theagasc gan tagairt do Chrog an carachtar.

Is as pláinéad eile Crog agus níl de chúram aige nuair a thagann sé chuig an Domhan ach le fáil amach faoinár saol. Cuireann Crog ceisteanna iontach cuí amhail

- Cé muid?
- Cad é atá de dhíth orainn mar dhaoine daonna chun go mbeidh saol fada sona sláintiúil againn?
- Cad iad na freagrachtaí a théann lámh ar lámh le cearta?
- Cad é a dhéanaimid nuair atá coimhlint ceart ann?
- Cad is féidir a dhéanamh a chuideodh lena chinntiú go bhfuil a cearta nó a chearta ag gach duine?

Pléann na páistí le Crog trína cheisteanna a fhreagairt agus trí scrúdú a dhéanamh ar na fadhbanna a thugann sé faoi deara le linn dó bheith ar an Domhan. Cuirtear tús leis an mhodúl le Crog ag tuirlingt ar an Domhan den spáslong agus le linn dó bheith anseo is gá dó tuairisciú ar ais dá Ard-Chomhairle ar atá á fhoghlaim aige. Uaireanta tugann an Ard-Chomhairle tasc ar leith le déanamh dó. Nuair a fhágann sé sa deireadh, tugann sé leis gealltanas gach páiste chun chearta an duine a chur chun tosaigh….is é seo an tÉIRÍ DE THALAMH deireanach.



Crog a thabhairt isteach

Má chinneann tú ar an caractar, Chrog a úsáid mar fhócas don mhodúl seo, molaimid go dtugtar Crog isteach sula dtosaíonn siad ar an chéad cheacht.

Is féidir a leithéid a dhéanamh ar roinnt dóigheanna:

- Is féidir an póstaer nó tréshoilseán de Chrog a úsáid le haird a dhíriú lena scéal a insint.

_Na páistí a spreagadh chun

- an dóigh a bhfuil pláinéad Chroig a shamhlú,
- ainm a thabhairt ar an phláinéad agus ar mhuintir an phláinéid,
- an dóigh a maireann, a n-oibríonn agus a gcaitheann an mhuintir ar phláinéad Chroig a n-am saor
- Ag obair i bpéirí, d'fhéadfaí cóip den léaráid de Chrog a thabhairt agus iarraidh orthu í a dhathú.

Iarr ar na páistí an léaráid a chur ar leathan mór páipéir agus teach, sráid, scoil, clós súgartha etc. Chroig a tharraingt isteach.

Tugann an carachtar deis don mhúinteoir súil siar a chaitheamh ar cheachtanna roimhe sin, ag spreagadh na bpaistí chun machnamh a dhéanamh ar smaointe a léiríodh sula mbogtar ar aghaidh.

Is tábhachtach cuimhneamh gur féidir Crog a úsáid chun tús a chur le ceacht, chun deireadh a chur le ceacht nó le measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim na bpáistí le linn don mhodúl seo bheith in úsáid. Ta roinnt smaointe curtha i láthair i rith na gceachtanna, ach is féidir leis an mhúinteoir an téama a chur in oiriúint agus a fhorbairt de réir mar is cuí.

Cé muid(?)

Téama Chroig

Tá Crog díreach i ndiaidh an áit seo a bhaint amach agus cuireann an Domhan agus a mhuintir iontas air. Tugann Crog faoi deara go bhfuil na billiúin daoine ar an Domhan agus nach bhfuil an chuma chéanna ar dhaoine. Tá roinnt acu ard, roinnt acu beag; roinnt acu óg, roinnt acu sean; tá craiceann dorcha ar chuid acu, craiceann geal ar chuid acu; is fir cuid acu agus is mná chuid eile, ach is daoine iad uile. Cad chuige sin? Cad é mar is féidir le daoine a bheith chomh éagsúil lena chéile agus sa am chéanna a bheith mar chuid den chine daonna céanna?

Eochairfhocail: Bheith DAONNA

Cuspóirí foghlama

Is é a dhéanfaidh na páistí ná

- cosúlachtaí agus éagsúlachtaí atá eadrainn a thaiscéaladh;
- tuiscint a fhorbairt go bhfuil comhdhaonnacht eadrainn, beag beann ar dhath, ar chumas nó ar chultúr;
- deiseanna a fháil chun scileanna díospóireachta, comparáide agus iniúchta a fhorbairt agus chun idirghníomhú ar bhonn sóisialta idir a gcairde ranga;
- foghlaim an dóigh le huathúlacht agus éagsúlacht daoine daonna a urramú.

Cad é atá de dhíth?

Do gach páiste:

- Práta
- Cóip den Leathan Oibre 1, Biongó Daoine
- Sean-irisleabhair nó gearrthóga irisleabhair de dhaoine (Gníomhaíocht Fairsingithe Roghnach)
- Cóip de theimpléad 2. Beidh an teimpléad seo in úsáid i ngach ceacht sa mhodúl.
- Cóip de Theimpléad na Spásloinge méadaithe a fhad le hA3 a bheith ar taispeáint i gCúinne Chearta an Duine.

Gníomhaíocht Réamhléiritheach

- Tabhair práta do gach páiste. Spreag iad lena scrúdú, lena mhothú, le baint de agus le hamharc ar a chruth agus ar a mhéid.
- Bailigh na prátaí uile agus cuir iad le chéile i mála.
- Scaip na prátaí ar an urlár agus iarr ar na páistí a bpráta féin a aimsiú.
- Nuair a fhaigheann gach páiste a phráta féin, fiosraigh na ceisteanna a leanas leo:

  An raibh tú in ann do phráta féin a aimsiú? Cad é mar a d'aithin tú é? Cad é mar atá na prátaí difriúil? Cad é mar atá siad mar a gcéanna?

- Forbair na smaointe seo trí thaiscéaladh a dhéanamh leis na páistí ar an dóigh a bhfuilimid, dála na bprátaí, éagsúil lena chéile agus san am céanna go bhfuil an daonnacht chéanna eadrainn. Taifead smaointe na bpáistí ar an chlár mar a mholtar thíos:

Cad é mar atáimid difriúil?	Cad é mar atáimid mar a gcéanna?

Gníomhaíocht Forbartha

- Tabhair cóip de Leathan Oibre 1, Biongó Daoine, do gach páiste. Iarr ar na páistí a n-ainm a scríobh ar bharr an leathain oibre.
- Mínigh gur gníomhaíocht shultmhar í seo ina mbeidh deis acu fáil amach faoi rudaí nua faoina gcairde ranga. Sula dtosaíonn siad, cinntigh gur féidir leis na páistí téacs an leathain oibre a léamh. D'fheadfaí an ghníomhaíocht seo a dhéanamh i bpéirí lena chinntiú gur féidir le gach páiste an téacs a léamh le linn na gníomhaíochta.
- Agus iad ag tabhairt peann luaidhe leo, iarr ar na páistí siúl go mall thart ar an seomra agus páiste difriúil a fháil le gach ceann de na ceisteanna a fhreagairt, mar shampla

Is féidir le cara liom
Róise
tír san Afraic a ainmniú.
An tSaimbia
an t-ainm atá ar an tír.

Is maith le cara liom
Éamann
bia a thagann ó thír eile.
Pasta
An t-ainm atá ar an bhia.
Is as an
Iodáil

- Iarr ar na paistí uile filleadh ar a suíocháin a luaithe a chríochnaigh siad na leathain oibre lena chur in iúl duit go bhfuil siad críochnaithe.
- Agus na páistí uile ina suí, fiosraigh an dóigh a dtéann an ghníomhaíocht i bhfeidhm orthu, mar shampla,

  Ar fhoghlaim siad rud ar bith nua faoina gcairde ranga?

  Cad é a d'fhoghlaim siad?

  Cad é mar atá siad cosúil lena gcairde ranga?

  Cad é mar atá siad éagsúil leo?
- Iarr ar na páistí, ar léarscáil an domhain, (Léirsceáil Theilge Peter) tíortha a léiriú ar an léarscáil

  ina bhfuil gaolta acu;

  as a dtagann a rogha bia;

  faoinár léigh siad;

  ina raibh a gcuid éadaí déanta;

  san Afraic a bhfuil taithí acu orthu.
- Forbair an plé trí iarraidh ar na páistí díriú ar chéad cheist Chroig; cad é mar atá daoine ar an domhan difriúil agus san am céanna ceangailte ar chuid mhór bealaí? Taifead smaointe na bpáistí ar an chlár nó ar smeach-chairt:

Cad é mar atá daoine daonna ar fud an domhain difriúil ach go fóill ceangailte le chéile?

- Mar fhocail scoir, iarr ar na páistí na heochairfhocail "Duine daonna" a scríobh ina Leathan Obair Spásloinge agus iarr orthu na smaointe a thagann chun cuimhne nuair a smaoiníonn siad faoi na focail seo a liostú. Is bealach úsáideach é seo chun measúnú a dhéanamh ar thuiscint na bpáistí ar eochairchoincheap an cheachta seo.
- Sa deireadh, tabhair isteach an póstaer ranga Spáslong Chroig agus iarr ar pháiste amháin na heochairfhocail a scríobh air.

Gníomhaíocht Fairsingithe Roghnach: Ealaín & Dearadh/na hEalaíona Radhairc

- Iarr ar na páistí pictiúir daoine in irisleabhair a ghearradh amach.
- Agus iad i ngrúpaí spreag iad chun 'Colláis Dhaoine' a dhéanamh a léiríonn cosúlachtaí agus éagsúlachtaí idir dhaoine agus a léiríonn daoine páirteach i ngníomhaíochtaí a thugann luachanna daonna chun solais.
- Dean taiscéaladh ar taithí an pháiste ar dhéanamh na colláise dó leis na smaointe curtha i láthair sna gníomhaíochtaí luatha a fhorbairt agus a dhaingniú.

BIONGÓ DAOINE

_____an t-ainm atá orm

Thig le cara liom
uirlis cheoil a sheinm.
_____
an t-ainm atá ar an uirlis cheoil.

Tá breithlá ag cara liom
_____
ar
_____

Is maith le cara liom
_____
bia a thagann ó thír eile.
_____ an t-ainm atá ar an bhia.
_____ an t-ainm atá ar an tír.

Thig le cara liom
_____
focail i dteanga eile a rá.
Is iad seo na focail
_____Is é
_____ an t-ainm atá ar an teanga.

Nuair a fhásann cara liom
_____
aníos, ba mhaith leis/léi bheith ina
_____

_____
Thig le cara liom
tír san Afraic a ainmniú.
_____an t-ainm atá ar an tír.

Tá gaolta ag cara liom
_____
i dtír eile.
_____an t-ainm atá ar an tír.

_____
Tá cara liom ag caitheamh rud éigin a rinneadh i dtír eile.
_____ an t-ainm atá ar an tír.

Léigh cara liom
_____
scéal faoi thír eile.
_____an teideal atá ar an scéal.

Thig le cara liom
_____
damhsa a dhéanamh.
_____an t-ainm atá ar an damhsa.

Cad atá uainn?

Téama Chroig

Tuigeann Croig anois nach ionann gach duine, cé gur chuid den chine daonna muid uile. Thug sé tuairisc ar an tuiscint seo dá Ard-Chomhairle. Chuaigh sé i bhfeidhm orthu agus d'iarr siad ar Chrog fáil amach a mhéad agus is féidir faoi cad é atá le saol fada sláintiúil sona a bheith againn agus cé acu tá nó nach bhfuilimid i dteideal gach rud atá lena leithéid de shaol a bheith againn.

Eochairfhocal: RIACHTANAIS, MIANTA AGUS CEARTA

Cuspóirí foghlama

Is é a dhéanfaidh na páistí ná

- idirdhealú a dhéanamh idir riachtanais agus mianta;
- cearta a thuiscint mar theidlíochtaí riachtanacha le maireachtáil iomlán dhaonna a bheith ann;
- plé le scileanna idirbheartaíochta, cinnteoireachta agus comhoibrithe;
- dearcaí oscailteachta agus caoinfhualaingthe i dtaobh tuairimí daoine eile a fhorbairt.

An rud atá de dhíth

Do gach grúpa de 6 páistí ar a mhéad:

- Cóip de Leathan Oibre 2: Beo ar Oileán Tréigthe.

Gníomhaíocht Réamhléiritheach

- Tarraing imlíne de chás saoire ar an chlár.
- Fiafraigh de na páistí cad iad na rudaí a thabhar faidís leo dá rachaidís ar saoire. Scríobh a moltaí ar an chás.
- Pléigh leis na páistí go hachomair tábhacht na rudaí a roghnaigh siad:

    An bhfuil na hearraí uile iontach riachtanach do shaoire?

    Cad iad na hearraí ba mhian leat ach nach bhfuil de dhíth ort go géar?

    Cad iad na rudaí atá uainn gach lá?

Gníomhaíocht Forbartha

- Roinn an rang ar ghrúpaí de sheisear páistí ar a mhéad.
- Iarr ar na páistí cur i gcéill go bhfuil siad ag dul a chónaí ar oileán tréigthe ar feadh i bhfad.
- Tabhair cóip de Leathan Oibre 2, Beo ar Oileán Tréigthe, do gach grúpa,.
- Iarr ar gach grúpa aontú ar chúig rud ón liosta ar an leathan oibre a shíleann siad atá de dhíth orthu le cónaí ann.
- Iarr ar gach grúpa aontú ar chúig rud bhreise ón liosta a mhothaíonn siad atá de dhíth orthu le cónaí ann agus iad a chur ar an leathan oibre.
- Mínigh do na páistí gurb é tasc Chroig a fháil amach cad é atá de dhíth ar dhaoine daonna chun saol sona fada sláintiúil a bheith acu, agus le fiosrú an againn atá an ceart chun na rudaí sin uile a bheith againn. Tá tasc tábhachtach ag an rang chun cuidiú le Crog tuairisc a scríobh don Ard-Chomhairle trí fhreagra a thabhairt ar roinnt ceisteanna.

    Cad é a chuir siad ar a liosta?

    Cad é mar a chuideodh gach rud ar a liosta leo saol sona fada sláintiúil a bheith acu ar an Oileán Tréigthe?

    An bhfuil sé tábhachtach gur féidir le gach duine daonna teacht ar na rudaí seo? Cad chuige?
- Mínigh nuair a aontaímid gur chóir go mbeadh rudaí áirithe de dhíth ar gach duine le cur ar a gcumas maireachtáil, tugaimid **cearta** orthu siúd. Mar shampla tá an ceart chun bia agus uisce ghlain ag gach duine. Iarr ar pháistí cearta eile a mholadh, mar shampla,

    Tá ag gach duine an ceart chun dídine.

    Tá ag gach duine an ceart chun oideachais.

    Tá ag gach duine an ceart chun …….
- Tabhair cóip de Theachtaireacht Chroig do gach páiste agus léigh leo tuairisc Chroig chuig an Ard-Chomhairle. Cuir críoch leis an cheacht trí cheist a chur ar pháiste amháin na heochairfhocail a scríobh ar rannóg de phóstaer na Spásloinge. Thiocfadh leis na páistí eile na focail nua a chur ar a spáslong féin agus an rannóg nua seo a mhaisiú.

Gníomhaíocht Fairsingithe Roghnach: Gaeilge: Forbairt Teanga

- As measc na ndeich rud a roghnaigh gach grúpa ón chás, éascaigh próiseas ranga ina n-aontaíonn gach páiste ar liosta amháin de dheich rud. Spreag na páistí na roghanna a shíleann siad ba chóir bheith curtha sa chás thar rudaí eile a chosaint.
- Tabhair faill do na páistí póstaer den chás a dhéanamh ina bhfuil na deich rud atá le cur isteach a roghnaigh an rang iomlán.



Beo ar Oileán tréigthe

Pioc na cúig rud is mó ón liosta a shíleann tú atá de dhíth le bheith beo ar an oileán.

Teilifíseán agus fístaifeadán

Áit le súgradh

Bia

Leabhair

Lanna rothlamacha

Éadaí

Cipíní solais

Potaí agus sáspain

Uisce glan

Culaith shnámha

Scuab fiacla agus taos fiacla

Cearta agus Freagcaíochtaí

Téama Chroig

Bhí cruinniú ag an Ard-Chomhairle le linn na seachtaine agus shocraigh siad ar an smaoineamh a thriail go raibh na cearta céanna acu. Mar thriail, shocraigh siad ar an cheart chun tuairim a nochtadh a thabhairt do gach duine. Ach thosaigh gach duine ag caint ag an am chéanna agus níor chualathas tuairimí duine ar bith. Thug an Ard-Chomhairle tuairisc ar ais do Chrog nach n-oibríonn coincheap seo na gceart. Gheall Crog go ndéanfadh sé an smaoineamh seo a fhiosrú a thuilleadh….

Eochairfhocal: FREAGRACHT

Cuspóirí Foghlama

Is é dhéanfaidh na páistí ná

- na téarmaí 'cearta' agus 'freagrachtaí' a thuiscint agus a bheith in ann iad a úsáid;
- tosú ar smaoineamh go dtéann freagracht phearsanta agus ghrúpa le gach ceart;
- bheith in ann dul i ngleic le cinnteoireacht fhreagrach, le smaointeoireacht chriticiúil agus le díospóireacht.

Na rudaí atá de dhíth

- Tacar cártaí 'Cearta agus Freagrachtaí' (leathain oibre) do gach grúpa.

Gníomhaíocht réamhléiritheach

- Iarr ar na páistí samhiú go bhfuil siad i gclós súgartha le cuid mhór luascán, creatlacha dreapadóireachta agus gníomhaíochtaí eile. Tá cuid mhór páistí sa chlós súgartha ar bís le súgradh ar an trealamh uile. Iarr ar na páistí moltaí a thabhairt ar an dóigh ar féidir a chinntiú gur bhain gach duine tairbhe as a gceart chun súgartha. Féadann na páistí moltaí a thabhairt amhail na nithe a leanas:

  'Fanaimid i líne agus bíonn seal ag gach duine.'

  'Thig le grúpaí páistí seal a bheith acu ag amanna difriúla.'

  'Déanaimid cinnte de nach ndéanfaimid damáiste do na luascáin nó nach scriosfaimid iad mar gheall ar ár n-iompar.'

- Tabhair isteach an t-eochairfhocal don cheacht FREAGRACHT. Fiosraigh leis na páistí nach bhfuil cearta ann do dhaoine áirithe amháin. Cuidigh leo a thuiscint go bhfuil gach duine i dteideal na gceart céanna agus go gcaithfimid freagracht a ghlacadh lena chinntiú go bhfuil seans ag daoine eile tairbhe a bhaint as a gcearta féin fosta.

- Dean péirí den rang. Tabhair do gach péire cóip den Leathan Oibre 3, Freagrachtaí Pearsanta, agus iarr ar na páistí, trí phlé nó trí tharraingt, trí shampla ina nglacann siad le freagracht. Tá cead ag gach páiste taifead a dhéanamh de thrí fhreagracht phearsanta ar an leathan oibre, mar shampla,

  'Sa bhaile, tá mé freagrach as an bhosca bruscair a thabhairt amach, as an chat a chothú agus as mo sheomra leapa a ghlanadh.'

- Iarr ar gach péire nasc a dhéanamh le péire eile agus sealaíocht a dhéanamh a bhfuil scríofa acu a roinnt. Iarr orthu ar leathan eile achoimre a dhéanamh ar na freagrachtaí a liostaigh siad.

- Tabhair an rang le chéile arís agus iarr ar gach grúpa tuairisciú ar ais. Dírigh aird na bpaistí ar iarmhairtí a bhaineann le gan freagrachtaí a ghlacadh i ngach cás, mar shampla, 'Mura gcothaím mo pheata mar is ceart beidh ocras air.'

Gníomhaíocht Forbartha: Cártaí Cearta agus Freagrachtaí

- Scaip na Cártaí 'Cearta agus Freagrachtaí', ar a bhfuil uimhreacha, ón Leathan Oibre ar gach grúpa. 4. Cuidigh leis na paistí, trí dhíospóireacht ranga, leis an cheart cuí a aimsiú a théann le gach ráiteas.

- Scaip na Cártaí 'Cearta agus Freagrachtaí', a bhfuil lipéid litreacha orthu, ar gach grúpa. Tabhair deis do na páistí na ráitis ar chearta a mheaitseáil leis na ráitis ar ghníomhartha.

- Tabhair deis do gach grúpa a gcinntí a thuairisciú ar ais don rang iomlán agus pléigh iad. Is féidir na péirí ráiteas a thaispeáint i gcúinne Chearta an Duine mar thagairt amach anseo.

- Cuir deireadh leis an cheacht trí iarraidh ar pháiste amháin na heochairfhocail a scríobh ar rannóg den phóstaer Spásloinge. Spreag na páistí na heochairfhocail a scríobh chomh maith ar a spáslonga féin agus gach focal a liostú a thagann chun cuimhne nuair a smaoiníonn siad ar 'chearta agus freagrachtaí'.

Gníomhaíocht Fairsingithe Roghnach: Oideachas Reiligiúnach/Croí-Churaclam

Is féidir tabhairt faoi thuiscint na bpaistí ar fhreagrachtaí a fhairsingiú trí dhialann cinnteoireachta phearsanta a thabhairt isteach. Is bealach simplí éifeachtach é chun cinnteoireacht fhreagrach a mheas agus a éascú.

- Spreag na páistí chun machnamh ar chinneadh amháin a rinne siad leis an struchtúr a leanas a úsáid:
    - Ba é seo cinneadh amháin a rinne mé an tseachtain seo…….
    - Rinne mé an cinneadh seo mar……..
    - Ba é an tairbhe a bhain mé as an chinneadh ná…..
    - Ba é seo a dóigh a ndeachaigh sé i bhfeidhm orthu……

Tugann a leithéid deis do na páistí cuimhneamh a dhéanamh ar roghanna freagracha ar bhealach nach nglacann barraíocht ama agus ar furasta a bhainistiú. Is tábhachtach go mothaíonn na páistí go bhfuil na cinntí a breacadh síos rúnda, gan iad a bheith roinnte ar dhaoine eile ach amháin má mhothaíonn an páiste compordach faoi. Táthar ag dúil go mbeidh cinntí a breacadh síos go luath sa phróiseas measartha simplí agus go mbeadh gach a bhfuil scríofa ag tuilleamh dea-chlú don pháiste. De réir mar a fhorbraíonn an próiseas, áfach, léiríodh na cinntí forbairt ar thuiscint ar chearta, ar fhreagrachtaí agus ar iarmhairtí. Spreagfaidh éiteas tacúil an tseomra ranga le níos mó cinntí conspóideacha teacht chun solais agus le bheith socraithe go hoscailte agus go sábháilte.

FREAGRACHTAÍ PEARSANTA

Ainm	Aon	Dó	Trí

Cártaí 'Cearta agus Freagrachtaí'

Fótachóipeáil cártaí ar pháipéar A4 agus gearr amach.

1

Tá againn an ceart chun an rud a smaoinímid a rá.

A

Déanaim iarracht páistí eile a thabhairt isteach agus mé ag súgradh.

2

Tá againn uile an ceart chun sábháilteachta.

B

Déanaim iarracht gan cur isteach ar dhaoine agus iad ag foghlaim.

3

Tá againn uile an ceart chun súgartha.

C

Tá mé cúramach gan rudaí a rá a chuirfeadh isteach ar dhaoine eile.

4

Tá an ceart
chun foghlama
againn uile.

D

Tá me cúramach gan
damáiste a dhéanamh
do shábháilteacht
daoine eile.

5

Tá againn uile
an ceart gan
a bheith gortaithe.

E

Déanaim iarracht
gan daoine eile
a ghortú.

Cearta i gCoimhlint

Téama Chroig

Chomhaontaigh an Ard-Chomhairle go bhfuil ceist na bhfreagrachtaí barrthábhachtach i bhfeidhmiú Chearta an Duine. Tá siad sásta le tuairiscí Chroig agus chum siad tasc níos deacra an tseachtain seo. Is mian leo go bhfaighidh Crog amach faoina dhéanann daoine nuair a thagann cearta salach ar a chéile.

Eochairfhocal: COTHROMAÍOCHT

Cuspóirí Foghlama

Is é a dhéanfaidh na páistí ná

- measfaidh siad agus déanfaidh siad machnamh ar chearta gach duine i gcás ar leith.
- tabharfaidh siad a mbarúlacha ar chásanna coimhlinte ar leith.
- beidh deis acu a scileanna tuartha, smaointeoireachta criticiúla, comhthuisceana, éisteachta, pléite, cláraithe agus díospóireachta a fhorbairt.
- tuiscint ar chothromaíocht a fhorbairt.

Rudaí atá de dhíth

- Cóip de chás amháin ó Leathan Oibre 5, Coimhlintí Ceart, do gach grúpa.

Réamhghníomhaíocht

- Léigh Cás 1 thíosluaite do na páistí. Pléigh an cás agus spreag na páistí a mbarúlacha a thabhairt de na gníomhaíochtaí atá cothrom nó éagothrom. Déan scrúdú níos iomláine ar an scéal trí cheisteanna a chur orthu, mar shampla,

  Cad é mar a d'fhéadfaí an scéal seo a réiteach?

  Cad é mar a d'fhéadfadh na daoine bainte leís foghlaim óna leithéid seo de réiteach?

Cás1

Ba mhór ba mhian le Janie bheith ina ball de dhrong, ach bhí fadhb amháin ann.

Bhí scaif speisialta ag gach duine sa drong, go díreach cosúil leis an cheann a chaith Cassie, an popréalta is fearr leo. Dúirt máthair Janie go gceannódh sí scaif dá breithlá an mhí seo chugainn. Rinne Janie iarracht é a thuiscint ach bhí brón agus uaigneas uirthi óir ní raibh sí ábalta bheith páirteach.

Lá amháin, bhí cara Janie, Kim as láthair ón scoil agus chonaic Janie gur fhág sí scaif s'aici sa seomra cótaí. B'fhéidir go mbeadh sé ceart go leor dá bhfaigheadh sí ar iasacht é ar feadh tamaillín. D'fhéadfadh sí a fhágáil ar ais i ndiaidh am sosa, nach bhféadfadh sí? Ina dhiaidh sin is uile ba chara dá cuid í Kim agus bhí a fhios aici a thábhachtaí agus a bhí sé bheith in ann súgradh leis na daoine eile.

- Pléigh leis na páistí an dóigh arbh fhéidir linn bheith cruthaitheach uaireanta agus muid réiteach ár bhfadhbanna ina mbainfidh gach duine tairbhe as. Déan scrúdú ar an téarma chás 'bua-bua'. Iarr ar na páistí samplaí de chásanna bua-bua a thabhairt óna saol féin nó ó eispéiris daoine eile.

Gníomhaíocht Forbartha

- Scar an rang i ngrúpaí beaga. Fótachóipeáil agus gearr amach na cartúin i Leathan Oibre 5.
- Tabhair cartún amháin do gach grúpa.
- Iarr ar pháiste amháin i ngach grúpa an scéal a léamh do na daoine eile sa ghrúpa. Tabhair spreagadh do gach grúpa lena tharla sa chartún a phlé agus an fáth ar tharla sé.

Ansin iarr ar gach grúpa na ceisteanna seo a leanas a scrúdú:

1. Cérbh iad na cearta a bhí sa scéal?
2. Cérbh iad toradh na ngníomhartha a rinneadh?
3. Dá mbeadh toradh eile ann, an mbeadh an scéal éagothrom do dhuine eile?
4. Mol bealach níos córa leis an fhadhb seo a réiteach.

- Iarr ar gach grúpa urlabhraí a ainmniú a chuirfidh torthaí a ndíospóireachtaí in iúl don rang iomlán.
- Mar chríoch, iarr ar pháiste amháin an t-eochairfhocal a scríobh ar chuid ar leith den Spáslong. Is féidir leis an rang an t-eochairfhocal nua a scríobh ar a spáslong féin agus na híomhánna go léir lena samhlaíonn siad é a scríobh nó a tharraing.

Gníomhaíocht Fairsingithe Roghnach: Drámaíocht

- Ag obair leis na grúpaí céanna, iarr ar na páistí rólghníomhaíocht ghairid a ullmhú a léiríonn an cás a scrúdaigh siad agus an deireadh a roghnaigh siad don chás.
- Scrúdaigh agus pléigh é leis an rang iomlán, ag cur béime ar an dóigh ar mhothaigh na páistí sna róil ag céimeanna éagsúla den choimhlint.

COIMHLINTÍ CEART

Shiúil Barra suas agus síos an seomra suí go mífhoighneach. 'Cad é atá cearr leat?' arsa Mamaí. 'Siobhán atá ann. Tá sí ar an Idirlíon arís agus ní féidir liom an guthán a úsáid. Caithfidh mé scairt a chur ar na stócaigh faoin chluiche.'

'Má théann tú chuici agus má chuireann tú ceist uirthi, tá mé cinnte go ligfidh sí duit an guthán a úsáid. Ina dhiaidh sin is uile, is fada a bhí sí ar an Idirlíon agus bheadh sin cothrom.'



Chuaigh Barra suas staighre agus chuir sé ceist ar a dheirfiúr arís. Is é an rud a tharla ná gur phlab sí an doras agus gur scread sí, 'Níl, tá mé ag iarraidh m'obair bhaile a chríochnú!'

Suíonn Máire and Áine ina aice a chéile sa rang. Is cabaire í Áine. Is breá léi labhairt le Máire faoi na rudaí ar mhaith léi a dhéanamh nó faoina háiteanna raibh sí. Is amhlaidh a labhródh Áine an lá ar fad faoi rud ar bith.

Is maith le Máire Áine ach tá sí ag éirí dubh dóite leis an chur isteach ar a cuid obair ranga. Tráthnóna amháin déanann Máire cinneadh labhairt le hÁine faoin dóigh a mothaíonn sí faoi seo: 'An gcuirfidh tú stop leis an chaint a Áine? Tá tú ag cur isteach ar



mo chuid oibre. Ní thig liom éisteacht leis an mhúinteoir nó smaoineamh faoin rud atá mé á dhéanamh,' arsa Máire. 'Ach tá an ceart agam labhairt gan bhac agus mo thuairimí a chur in iúl, 'arsa Áine…



Tá peann de dhíth ar Mharcas lena chuid obair bhaile a dhéanamh. D'fhág sé a pheann sa scoil. Téann sé isteach i seomra leapa a dhearthár, Tomás, agus tógann sé a pheann nua gan ceist a chur air ar dtús.



Nuair a thagann Tomás abhaile, tugann sé faoi deara go bhfuil Marcas ag úsáid an phinn is fearr leis. Tá sé iontach feargach gur ghlac Marcas a pheann as a sheomra leapa gan ceist a chur air fiú. Insíonn Marcas dó go raibh peann de dhíth air lena chuid obair bhaile a dhéanamh agus nach raibh sé ábalta teacht ar cheann eile.

Measann sé go raibh an ceart aige an peann a fháil ar iasacht sa dóigh go bhféadfadh sé a chuid oibre a chríochnú. 'Tá sin go breá ach, ní raibh an ceart agat dul isteach i mo sheomra leapa, dul tríd mo chuid stuif agus mo pheann a ghlacadh," a d'fhreagair Tomás.

An Coinbhinsiún um Chearta an Pháiste

Téama Chroig

Chuaigh an smaoineamh faoi Chearta an Duine i bhfeidhm ar an Ard-Chomhairle. Tá siad ag déanamh machnaimh ar liosta a gceart féin a scríobh agus is mian leo fáil amach an ndearnadh iarracht ar bith ar an Domhan riamh na cearta go léir atá tuillte ag gach dune ar scríobh síos. Is é tasc na bpáistí coincheap an Choinbhinsiúin um Chearta an Pháiste a mhíniú do Chrog sa dóigh gur féidir é a phléigh ag an chéad chruinniú eile den Ard-Chomhairle.

Eochairfhocal: COINBHINSIÚN

Cuspóirí foghlama:

Cuirtear ar chumas na bpáistí:

- tuiscint gur tháinig daoine agus tíortha éagsúla le chéile le comhaontú ar chód ceart do gach uile páiste. Tugtar an Coinbhinsiún um Chearta an Pháiste ar an chód seo.
- cur amach a bheith acu ar ábhair an leagain shimplí den Choinbhinsiún um Chearta an Pháiste.
- tuiscint go bhfuil gach uile dhuine i dteideal chearta an duine.

Rudaí atá de dhíth

- Atlas do gach grúpa.
- Cóip de Leathan Oibre 6, Achoimre ar an Choinbhinsiún um Chearta an Pháiste, do gach páiste.

Réamhghníomhaíocht

- Cuir i gcuimhne do na páistí gur ainmnigh siad i gCeacht 2 na cearta a shíl siad ba chóir a bheith ag gach duine chun saol sona fada sláintiúil a bheith acu. Déan cinnte gur féidir leo cuid de na cearta seo a ainmniú. Mínigh dóibh go bhfuil na cearta seo agus cuid mhór ceart eile atá tuillte acu scríofa síos i gcáipéis darb ainm AN COINBHINSIÚN UM CHEARTA AN PHÁISTE. Scrúdaigh, leis na páistí, an chiall atá leis an fhocal 'Coinbhinsiún, is é sin, liosta ceart a chomhaontaigh tíortha ba chóir go mbeadh ag páistí. Mínigh dóibh gur rith na tíortha rannpháirteacha dlíthe le cinntiú go bhfuil cearta gach páiste cosanta.
- Chun cuidiú leis na páistí tuiscint gur cáipéis idirnáisiúnta é coinbhinsiún, scar an rang i ngrúpaí agus tabhair atlas go gach grúpa. Scríobh an focal COINBHINSIÚN ar an chlár agus bí a spreagadh tíortha a thosaíonn le gach ceann de na litreacha C-O-I-N-B-H- I-N-S-I-Ú-N a aimsiú. Chun tús a chur leis an ghníomhaíocht abair leo gurb iad Oman agus Háití na tíortha a thosaíonn leis na litreacha 'O' agus 'H' faoi seach agus go dtig leo iad seo a úsáid.
- Chun béim a chur ar ghné uileghabhálach an chomhaontaithe ar chearta páistí cuir deireadh leis an ghníomhaíocht seo á rá leis na páistí gur thacaigh gach tír ar an liosta a rinne siad leis an choinbhinsiún. (Is iad an dá thír nár dhaingnigh an Coinbhinsiún um Chearta an Pháiste go fóill An tSomáil agus Stáit Aontaithe Mheiriceá).

Gníomhaíocht Forbartha

- Tabhair cóip de Leathan Oibre 6 ar achoimre í ar Choinbhinsiún na NA um Chearta an Pháiste do gach pháiste.
- Léigh gach ráiteas mar ghníomhaíocht léitheoireachta chun cur ar chumas na bpáistí an teanga a thuiscint. Pléigh gach ráiteas go hachomair lena chinntiú go dtuigeann na páistí an chiall.
- Iarr ar na páistí dul i bpéirí nó i ngrúpaí de thriúr agus le smaoineamh ar an dóigh a léireoidís féin ceann de na ráitis agus pictiúr a tharraingt ar leathan mór páipéir leis an ráiteas a chur in iúl.
- Iarr ar gach grúpa a bpictiúr a chur i láthair an ranga gan fortheideal. Ar dtús, iarr ar an rang an ceart atá á léiriú a chur in iúl. Ansin, míníonn an grúpa an fáth ar roghnaigh siad na híomhánna ar leith sin. I gCúinne Chearta an Duine sa seomra, cuir taispeántas den Choinbhinsiún in airde ag úsáid léaráidí na páistí.
- Mar fhocal scoir, iarr ar pháiste amháin an t-eochairfhocal a scríobh ar an spáslong. Is féidir leis na páistí an focal nua a chur ar a spáslong féin agus an rannóg nua seo a mhaisiú. Mar chríoch, cuireann na páistí an coinbhinsiún i gcomparáid lena bhfís ranga - cad iad na cosúlachtaí atá acu lena chéile?- cad é ba mhaith leo a chur lena bhfís ranga?

Gníomhaíocht Fairsingithe Roghnach: Matamaitic/Uimhríocht/TFC

Iarr ar na páistí liosta a dhéanamh de na rudaí is maith leo a dhéanamh ina n-am saor. Nuair atá an liosta déanta acu iarr ar na páistí graif a tharraingt leis an teideal 'An Ceart chun Sosa agus Caitheamh Aimsire' le réimse na gcaitheamh aimsire sa rang agus líon na bpáistí a bhfuil dúil acu i ngach ceann acu a léiriú.

ACHOIMRE AR AN CHOINBHINSIÚN UM CHEARTA AN PHÁISTE

Cad iad a shíleann tú na cearta is tábhachtaí? Scríobh na cúig cinn is tábhachtaí i do bharúil féin anseo.

Rangú	Ceart
	Tá ag gach páiste an ceart chun saoil
	Tá ag gach páiste an ceart chun ainm agus náisiúntachta
	Tá ag páistí an ceart chun a bheith lena dteaghlach nó leo siúd a thabharfadh an aire is fearr dóibh
	Tá ag páistí an ceart chun go leor bia agus uisce ghlain
	Tá ag páistí an ceart chun chaighdeáin shásúil maireachtála
	Tá ag páistí an ceart chun cúram sláinte
	Tá ag páistí le míchumas an ceart chun cúraim speisialta agus traenála
	Tá ag páistí an ceart chun súgartha
	Tá ag páistí an ceart chun oideachais shaoir
	Tá ag páistí an ceart chun a bheith slán agus gan bheith gortaithe nó gan neamart a bheith déanta iontu
	Ní cheadaítear páistí a úsáid mar oibrithe saora nó mar shaighdiúirí
	Ní mór cead a thabhairt do pháistí a dteanga féin a labhairt agus a reiligiún agus a gcultúr féin a chleachtadh
	Tá ag páistí an ceart chun an rud a shíleann siad a rá agus chun bualadh le chéile lena dtuairimí a nochtadh

Gach Duine Cothrom?

Téama Croc

Chuaigh an Coinbhinsiún um Chearta an Pháiste i bhfeidhm ar an Ard-Chomhairle agus tá sí ag smaoineamh ar a úsáid mar threoir le liosta ceart dá cuid féin a scríobh. Fuarthas drochscéal ón Domhan áfach. Fuair Crog amach go bhfuil daoine aonair agus grúpaí ann nach bhfuil a gcearta go léir acu. Cuireann sé seo iontas agus mearbhall ar an Ard-Chomhairle. D'iarr sí ar Chrog an fáth atá leis seo a fhiosrú.

Eochairfhocal: COMHIONANNAS

Cuspóirí foghlama

Cuirtear ar chumas na bpáistí:

- tuiscint gur féidir lena dtosca agus/nó le dearcaí daoine eile tionchar a bheith acu ar a gcearta.
- tuiscint gur féidir cearta a dhiúltú do ghrúpaí daoine de dheasca fáthanna éagsúla – mar shampla, gnéas, míchumas, reiligiún nó bunús eitneach
- glacadh le héagsúlacht agus meas a bheith acu ar chomhionannas.
- páirt a ghlacadh i bpróisis a chothaíonn scileanna caibidle, díospóireachta, smaointeoireachta criticiúla, agus anailíse.

Rudaí atá de dhíth

- Dhá leathan mhóra páipéir, ceann leis an fhocal 'Aontaím' agus ceann eile leis an fhocal 'Ní aontaím' scríofa air agus iad curtha ar bhallaí os comhair a chéile sa seomra ranga.
- Spás do na páistí bogadh go réidh idir an dá thaobh den seomra.
- Cóip de Leathan Oibre 6, Cearta Cothroma do Gach Duine, a thabhairt do gach grúpa/páiste.

Gníomhaíocht Fairsingithe Roghnach: Drámaíocht

- Cóipeanna de Cártaí Rólghníomhaíochta do gach grúpa.

Réamhghníomhaíocht

- Iarr ar na páistí seasamh i lár an urláir. Mínigh dóibh go mbeidh tú ar tí ráiteas a léamh amach. A luaithe is atá an ráiteas cluinte acu, bogann siad go dtí an comhartha 'Aontaím' nó 'Ní aontaím' nó fanann siad sa lár mura bhfuil siad cinnte. A chóngaraí a bhogann siad is amhlaidh is mó a aontaíonn/nach n-aontaíonn siad.
- Nuair atá siad sna háiteanna a roghnaigh siad, iarr orthu a dtuairimí a mhíniú. Tá an rogha ann gan míniú a thabhairt más mian leo. Nuair a chluineann siad tuairimí daoine eile is féidir leo a n-áit a athrú

RÁITEAS

Troideann gasúr níos mó ná cailíní mar go bhfuil siad níos gairbhe.

Déanann cailíní obair tí níos fearr ná gasúir.

Tá sé ceart go leor do ghasúir súgradh le bábóga agus le smideadh.

Níor chóir ach do chailíní cócaireacht a fhoghlaim ar scoil.

Ba chóir sacar na mban a chur ar an teilifís chomh minic agus a chuirtear sacar na bhfear.

Gníomhaíocht Forbartha:

- Scrúdaigh leis na páistí na dóigheanna a ndiúltaítear cearta do pháistí de dheasca a dtosca nó dearcaí daoine eile.
- Scrúdaigh leis na páistí na grúpaí nach féidir a gcearta go léir a bheith acu. Is féidir go mbeidh ort leideanna a thabhairt le samplaí amhail an Lucht Taistil, míchumasaigh, teifigh, srl.
- Tabhair amach Leathan Oibre 7, Cearta Cothroma do Gach Duine, do gach páiste agus iarr orthu saigheada a tharraingt chun gach líníocht a nasc leis an cheart atá á dhiúltú. Nuair atá an bhileog críochnaithe ag gach páiste iarr orthu a bhfreagraí a chur i gcomparáid le freagraí paistí eile. Fiafraigh de na páistí an bhfuair siad amach rud éigin ón ghníomhaíocht seo a chuir iontas orthu.
- Mar fhocal scoir, iarr ar na páistí i bhfoirm litreach nó labhartha, an fáth nach bhfuil deis ag gach páiste a gcearta iomlána a bheith acu a mhíniú do Chrog i bpéirí.
- Cuir deireadh leis an cheacht ag iarraidh ar páiste amháin an t-eochairfhocal a scríobh ar rannóg den Spáslong. Iarr ar na páistí ceart amháin a roghnú ón choinbhinsiún agus pictiúr a tharraingt a léiríonn an dóigh a bhféadfaí an ceart seo a dhiúltú.

Gníomhaíocht Fairsingithe Roghnach: Dráma:

- Léigh an sliocht seo thíos ó Nuachtán an Bhaile Mhóir do na páistí.

Nuachtán an Bhaile Mhóir

Ta muintir an Bhaile Mhóir ar buille. Shocraigh an chomhairle baile carrchlós a thógáil sa spás glas i lár an bhaile. Tá fearg an domhain ar thuismitheoirí agus ar phaistí an bhaile. Ta siad ag tógáil carrchlóis óir tá na húinéirí siopaí ag gearán ar an ábhar nach bhfuil spás páirceála cairr ann do dhaoine a thagann isteach chun an bhaile le siopadóireacht a dhéanamh. Beidh cruinniú ann sa tráthnóna i Halla an Bhaile ar 7.30 pm leis an fhadhb seo a réiteach. Ceapadh Coiste Breithiúnais le héisteacht le barúlacha gach grúpa. Beidh faill ag gach grúpa labhairt leis an Choiste agus a tuairimí a nochtadh. Cinnfidh an Coiste ar an ghníomh atá le déanamh.

Fáilte roimh Chách.

- Roinn an rang ar ghrúpaí de 4-6 páistí. Mínigh dóibh go mbeidh tuairimí grúpaí éagsúla daoine sa bhaile ag gach grúpa sa rólghníomhaíocht seo.
- Tabhair rólcharta amháin do gach grúpa. Ceap cathaoirleach ar gach grúpa. Mínigh ról an chathaoirligh dóibh. Abair leis na páistí go mbeidh 10 nóiméad acu an rólchárta a léamh agus a n-argóint a ullmhú don chruinniú. Ba chóir do gach grúpa urlabhraí amháin a ainmniú le tuairimí an ghrúpa a ionadú ag an chruinniú.
- Le linn an chruinnithe, suífidh an Coiste Breithiúnais ag barr an tseomra ranga agus éistfidh sé leis an chás a chuirfidh an t-urlabhraí ó gach grúpa faoina bhráid.
- Nuair a bheidh deis ag gach grúpa labhairt, beidh deis ag an Choiste Breithiúnais cinneadh a dhéanamh ar an bhealach is cuí chun tosaigh agus a chinneadh a thuairisciú do mhuintir an bhaile.
- Nuair a bheidh an rólghníomhaíocht thart, labhair leis na daltaí faoina shíl siad agus iad ina róil éagsúla. Cérbh iad na ceisteanna cearta a bhí i gceist anseo? Cé acu grúpa a shíl go raibh siad cumhachtach? Cé acu grúpaí a shíl siad go raibh siad gan chumhacht?

Rólchárta 1: Comhairle an Bhaile

Is baill de chomhairle an bhaile sibh. Tuigeann sibh gur fadhb í an easpa páirceála sa bhaile. Tá níos lú agus níos lú daoine ag teacht ó thaobh amuigh den bhaile le siopadóireacht a dhéanamh ar an Bhaile Mór. Ciallaíonn sé seo go bhfuil na daoine a oibríonn sna siopaí ag cailleadh a bpost. Is bocht leat go gciallaíonn bhur bpleananna go gcaillfidh na páistí na faichí ach measann sibh go bhfuil todhchaí an bhaile i gceist anseo. Ullmhaigh bhur gcás le carrchlós a thógáil agus ainmnígí urlabhra a chuirfidh bhur gcás i láthair ag an chruinniú.

Rólchárta 2: Páistí an Bhaile Mhóir

Is sibh páistí an Bhaile Mhóir. Goilleann sé oraibh gurbh fhéidir go scriosfaí bhur spás súgartha agus go dtógfaí carrchlós ina áit. Seo an t-aon fhaiche phoiblí amháin sa bhaile. Tá seanchrainn arda ag fás ann a úsáideann sibh le dreapadh air agus le dul i bhfolach iontu. Súgraíonn páistí de gach aois ón bhaile anseo mar gur áit chairdiúil shlábháilte í. Ullmhaigh bhur gcás leis an fhaiche a shábháil agus ainmnígí urlabhra a chuirfidh bhur gcás i láthair ag an chruinniú.

Rólchárta 3: Na Siopadóirí agus an Lucht Gnó

Is sibhse na siopadóirí agus an lucht gnó. Thug sibh faoi deara thar na blianta go bhfuil sibh ag cailleadh gnó mar gheall ar bhailte áitiúla eile de dheasca easpa spás páirceála sa bhaile. Níor mhaith libh fáil réidh de cheantar súgartha na bpáistí, ach ina dhiaidh sin is uile is tábhachtaí gnó ná súgradh. Ullmhaigh bhur gcás le carrchlós a thógáil agus ainmnígí urlabhra a chuirfidh bhur gcás i láthair ag an chruinniú.

Rólchárta 4: Na Tuismitheoirí

Is sibh thuismitheoirí pháistí an Bhaile Mhóir. Tógadh an chuid is mó díobh ar an Bhaile Mór agus shúgraigh sibh féin san fhaiche. Goilleann sé agus cuireann sé fearg oraibh gurbh fhéidir go réiteoidh ollscartaire faiche an bhaile agus go dtógfaí carrchlós ina háit. Is í an t-aon fhaiche phoiblí amháin í sa bhaile agus is í an clós súgartha is fearr do na páistí í. Is áit í fosta ar féidir leis na tuismitheoirí bualadh agus labhairt le chéile agus iad ag tabhairt aire dá páistí. Tá a fhios agaibh go bhfuil an gnó tábhachtach, ach ní tábhachtaí é ná cearta páistí chun súgartha in áit slán sábháilte.

Rólchárta 5: An Coiste Breithiúnais

Is sibh an Coiste a dhéanfaidh cinneadh ar an rud atá le déanamh. Éistfidh sibh le tuairimí gach grúpa agus déanfaidh sibh cinneadh a mheasann sibh atá le leas mhuintir an bhaile. I ndiaidh do na grúpaí a n-aighneas a chur, is féidir libh am a ghlacadh le cinneadh a dhéanamh.

CEARTA COTHROMA DO GACH DUINE

Tarraing línte a nascann pictiúr leis an cheart atá á dhiúltú

Tá Máiréad tinn. Tá obráid ar a cromán de dhíth uirthi agus níl leaba otharlainne ann ar fáil di.		1	An ceart chun oideachais **A**
Tá cogadh ag dul ar aghaidh i dtír Fatima. Tháinig an t-arm go sráidbhaile s'aici agus chuir siad iallach uirthi le bheith ina saighdiúir.		2	An ceart an chun chóireáil leighis **B**
Tá teaghlach Pheadair bocht agus níl teach acu. Cuirtear iallach orthu maireachtáil ar na sráideanna.		3	An ceart chun súgartha **C**
Is maith le hAodhán ealaín. Ní féidir leis í a dhéanamh ar scoil óir tá an seomra ealaíne thuas staighre ar an dara hurlár.		4	An ceart gan iallach ort bheith i do shaighdiúir **D**
Tá ar Mhairín siúl sé mhíle gach lá go dtí an abhainn. Níl uisce glan sa sráidbhaile. Uaireanta, nuair a bhaineann sí an abhainn amach tá an t-uisce salach nó tá an abhainn tirim.		5	An ceart chun tí **E**
Cónaíonn Pádaí agus a theaghlach i gcarbhán ar thaobh an bhóthair. Níl áit ar bith ann dó le súgradh.		6	An ceart chun bia agus uisce ghlain **F**

Teifigh ... Is é sa bhaile an áit a bhfuil an croí

Téama Chroig

Thuairiscigh Croc freagra na bpáistí ar an fháth nach bhféadfadh gach duine ar an Domhan a cearta go léir a bheith acu. Chomhaontaigh an Chomhairle gur féidir leis bheith deacair le cinntiú go bhfuil na cearta go léir ag gach duine. Mothaíonn an Ard-Chomhairle áfach gur gá léi an saol atá ag daoine a chailleann ceart a thuiscint sula ndéanann sí dul chun cinn ar a liosta ceart féin a dhréachtú. Iarrann Croc ar na páistí cuidiú leis lena thuairiscí a scríobh don Ard-Chomhairle.

Eochairfhocal: MUINTEARAS

Cuspóirí Foghlama

Cuirfear ar chumas na bpáistí:

- tábhacht atá le ceart ar leith a scrúdú, is é sin an ceart chun tí.
- tuiscint leo siúd a chaill an ceart sin.
- páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a chothaíonn scileanna caibidle, smaoinimh chriticiúil agus barúil a thabhairt.
- tuiscint ar dhearcadh agus comhthuiscint a fhorbairt.

Rudaí atá de dhíth

- Cóip de Leathan Oibre 8, Mothúcháin, Riachtanais agus Dóchais do gach páiste sa rang.
- Cóip de Leathan Oibre 9, Scéal Amira do ghrúpa a fhad le seisear páistí ar a mhéad.

Réamhghníomhaíocht

- Iarr ar na páistí samhlú go bhfuair Crog eolas ón Ard-Chomhairle go raibh baol ann dá dtiocfadh sé ar ais go gcuirfí i bpríosún é. Molann an Ard-Chomhairle do Chrog iarraidh ar ár rialtas cead le fanacht anseo áit a mbeadh sé slán. Mínigh do na páistí go mbeadh Crog ina theifeach, ní ina chuairteoir. Mínigh dóibh gur teifigh iad daoine a gcuirtear iallach orthu imeacht óna dtír mar go bhfuil a gcearta á ndiúltú dóibh. Ciallaíonn sé seo go han-mhinic go bhfuil a saoil agus saol a dteaghlach i mbaol.
- Tabhair cóip de Leathan Oibre 8, Mothúcháin, Riachtanais agus Dóchais do gach páiste. Iarr ar na páistí pictiúr a tharraingt nó focal a scríobh i ngach bosca le cur síos a dhéanamh ar a mhothódh siad, a bheadh de dhíth orthu agus, ar an dóchas a d'fhéadfadh bheith acu dá gcuirfí iallach orthu imeacht óna dtithe féin agus bogadh go tír eachtrannach?
- Leis an rang, pléigh na pointí a thóg na páistí faoi gach teideal: mothúcháin, riachtanais agus dóchais.

Gníomhaíocht Forbartha

- Roinn an rang i ngrúpaí a fhad le seisear páistí ar a agus tabhair cóip de Leathan Oibre 9, Scéal Amira do gach grúpa. Iarr ar gach grúpa an scéal a léamh agus an saol féideartha atá ag Amira, mar shampla:
    1. Cad é a shíl sí nuair a tháinig sí anseo?
    2. Cad é a chrónaíonn sí faoina baile féin?
    3. Cad é mar a chaith daoine léi?
    4. Cad é a chrónófá féin faoi do bhaile dá mbeadh ort imeacht?
- Iarr ar gach grúpa a smaointe a mhíniú don rang iomlán. Nuair atá a gcuid smaointe mínithe ag gach grúpa, pléigh iad leo, iarr orthu faoina mhothódh féin dá gcaillfeadh siad ceart, mar shampla, an ceart chun bhaile?
- Cuir deireadh leis an rang ag iarraidh ar pháiste amháin an eochairfhocal a scríobh ar rannóg den spáslong. Is féidir leis na páistí an focal nua a scríobh ar a spáslong féin agus an rannóg nua seo a mhaisiú.

Gníomhaíocht Fairsingithe Roghnach: Gaeilge/Forbairt Litearthachta

- Iarr ar dhuine den Lucht Taistil nó ar Iarrthóir Tearmainn ón phobal áitiúil teacht le labhairt leis na páistí faoina n-eispéiris féin bheatha in Éirinn. Scrúdaigh na bealaí a chuireann nó nach gcuireann an mórphobal fáilte rompu.
- Iarr ar na páistí teacht ar scoil an lá dár gcionn le mála a d'fheadfaí a iompar go furasta, ina bhfuil na rudaí go léir a dtógfadh siad dá n-inseofaí dóibh go tobann go mbeadh siad ag imeacht ón bhaile, agus nach mbeadh a fhios acu cá háit nó a mbeadh siad ag dul cá fhad. Nó, thiocfadh leis na páistí liosta a dhéanamh dar chinn siad ar a thabhairt leo, nuair a smaoinigh siad air sa bhaile.
- Iarr ar gach páiste trí rud a roghnú agus an fáth ar ghlac siad leo iad a insint don chuid eile den rang. Agus seo déanta acu, iarr orthu samhlú gur iarradh orthu anois trí rud gan a ghlacadh. Cad é a d'fhágfadh siad agus cén fáth?
- Spreag na páistí na réada ar liosta seiceála ranga a cuireadh san áireamh agus na rudaí a bheadh de dhíth orthu dá mbeadh orthu dul ar tearmann i dtír eile a mholadh agus a chosaint. Scríobh an liosta ar an chlár agus pléigh é.

MOTHÚCHÁIN, RIACHTANAIS AGUS DÓCHAIS

Cad é mar a mhothaím anois?

Cad é an dóchas atá agam anois láithreach?

Cad é atá de dhíth orm anois láithreach?

SCÉAL AMIRA

Dia duit. Amira an t-ainm atá orm. Is as an tSúdáin, tír san Afraic, mé. Tháinig mé féin agus mo theaghlach go hÉirinn mar go raibh cogadh ar siúl inár dtír agus go raibh ár saol i mbaol. Bhí orainn imeacht ónár mbaile faoi dheifir i lár na hoíche. Bhí orainn gach rud seachas roinnt éadaí, soithí cócaireachta agus giota beag airgid a fhágáil inár ndiaidh. Nuair a shroich muid Éirinn, bhí gach rud iontach aisteach. Bhí sé iontach fuar agus chaith daoine éadaí éagsúla agus labhair siad teanga eile. Bhí eagla agus imní iontach orainn go léir faoinár dtodhchaí. I ndiaidh tamaill fuarthas áit le stopadh agus bhí cúrsaí giota beag níos fearr. Thosaigh mé ag dul go dtí an scoil áitiúil. Bhí roinnt páistí cineálta agus cairdiúil liom. Bhí roinnt páistí eile míchineálta áfach agus dúirt siad rudaí cosúil le 'Cén fáth nach dtéann tú ar ais go dtí do thír féin agus muid a fhágáil mar a bhí. Ní as an bhaile seo tú'. Tá beirt chairde mhaithe agam anois. Insíonn siad dom gan a bheith buartha nó goillte nuair atá daoine míchineálta liom. Ina amanna áfach cuireann sé brón agus uaigneas orm go fóill agus níl a fhios agam cé acu a réiteoidh mé leis an áit seo nó nach réiteoidh.

Peirspictíochtaí ... Fiche insint ar gach scéal

Téama Chroig

Tá Crog ag aithint anois gur doiligh cuid mhór cásanna Chearta an Duine a réiteach. Is é tasc na bpáistí cuidiú le Croc a thuiscint nuair atá fiche insint ar scéal is é an chéad rud le déanamh ná triail a bhaint as na scéalta éagsúla a thuiscint.

Eochairfhocal: PEIRSPICTÍOCHT

Cuspóirí foghlama

Cuirfear ar chumas na bpáistí:

- tábhacht le cearta a chothromú i gcásanna coimhlinte a scrúdú.
- scileanna tuisceana ar pheirspictíocht, ar shamhlaíocht, ar anailíse agus ar chaibidle a fhorbairt.
- bheith oscailte do bharúlacha dhaoine eile.
- tuiscint a bheith acu ar dhaoine a bhfuil tosca níos deacra acu.

Rudaí atá de dhíth

- Cóip de Leathan Oibre 10, **Scéal Paulo**, do gach páiste/grúpa.
- Cóip de na ráitis fhaisnéise ó Leathan Oibre 10 do gach grúpa.

Réamhghníomhaíocht

Tabhair cóip de Scéal Paulo amach do na páistí agus léigh an scéal leo. Iarr ar na páistí an Bhrasaíl a aimsiú ar an léarscáil nó ar an chruinneog. Cuir ceisteanna tosaigh orthu le cinntiú go dtuigeann siad go léir an scéal, mar shampla:

1. Cá bhfuil Paulo ina chónaí?
2. Cén sort oibre a rinne sé nuair a chónaigh sé lena thuismitheoirí?
3. Cén sort dramhaíola a shíleann sibh a fuair sé?
4. Smaoinígí air agus déanaigí cur síos ar scéal Paulo ag dul a luí faoi dhroichead. Cad iad na tormáin a chuala sé? Cad iad na bolaithe a bholaigh sé? Cad é a chonaic sé? Cad é mar a mhothaigh sé?

Déan ransú smaointe leis na páistí faoi na cearta a diúltaíodh do Paulo. Is féidir an póstaer ar an Choinbhinsiún um Chearta an Pháiste a úsáid lena gcuid smaointeoireachta a spreagadh. Ba chóir go mbeadh an liosta scríofa agus sofheicthe do na páistí go léir, ar chlár dubh, ar osteilgeoir nó ar chlár bán.

Gníomhaíocht Forbartha

- Cuir an rang i gceithre ghrúpa.
- Fótachóipeáil agus gearr amach na ráitis fhaisnéise ó Scéal Paulo, Peirspictíochtaí Éagsúla. Tabhair ráiteas faisnéise amháin do gach grúpa agus iarr ar gach grúpa smaoineamh ar agus labhairt faoina gcarachta(i)r
    - Iarrtar ar Ghrúpa 1 samhlú gur Paulo iad;
    - Iarrtar ar Ghrúpa 2 samhlú gurb iad na comharsana iad a chónaíonn cóngarach don áit a bhfaigheann Paulo agus a chairde dídean;
    - Iarrtar ar Ghrúpa 3 samhlú gurb iad an fear a thugann cuairt ar Paulo agus a dhéanann iarracht cuidiú leis;
    - Iarrtar ar Ghrúpa 4 samhlú gur thuismitheoirí Paulo iad.
- Agus na páistí ag déanamh a ról, iarr ar pháistí ó gach grúpa a bhfreagraí ar na ceisteanna a bhí sna ráitis fhaisnéise a thabhairt le fios. Agus a bpeirspictíochtaí curtha in iúl acu, is féidir le páistí ó na grúpaí eile freagairt sa dóigh go léirítear coimpléascacht na staide.

- Déan faisnéisiú leis na páistí ina dhiaidh ag úsáid na bhfócas-cheisteanna seo a leanas:

    1.Cén fáth ar mhian le Paulo leanúint ar aghaidh ag obair?
    2. An bhfuil an ceart chun oibre ag Paulo?
    3. Cén fáth ar mhian leis na comharsana go mbogfadh na gasúir ar aghaidh?
    4. An bhfuil ceart chun timpeallachta slán sábháilte acu?
    5. Cén fáth a dtugann an fear cuairt ar Paulo?
    6. Cad é a mbeidh tuismitheoirí Paulo a dúil leis ar a shon féin agus ar son a bpáistí go léir?

- Scrúdaigh a thuilleadh an dóigh ar féidir le daoine peirspictíochtaí éagsúla a bheith acu ar an chás chéanna, Mar shampla, iarr ar na páistí moladh a dhéanamh ar an dóigh a bhféadfadh daoine freagairt do na chásanna thíosluaite m. sh.

    Deir an múinteoir go mbeidh rang Corpoideachais ann in áit rang ealaíne.

    Tá daoine réidh le dul ar eitleán ag eitilt ó Aerfort Mhaidrid go Baile Átha Cliath. Fógraítear go gcuirfear an eitilt ar ceal mar gheall ar cheo trom ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Tabharfar lóistín do phaisinéirí thar oíche ar chostas na haerlíne.

Cuir deireadh leis an cheacht ag iarraidh ar pháiste amháin an t-eochairfhocal a scríobh ar rannóg den spáslong.

Is féidir leis na páistí an focal nua a chur ar a spáslong féin agus an rannóg nua seo a mhaisiú.

Gníomhaíocht Fairsingithe Roghnach: Stair

- Roghnaigh ré ar bith i stair agus déan obair leis na páistí ar scrúdú a dhéanamh ar shaol páiste a mhair sna laethanta sin, m. sh. glantóir simléar nó cailín le cipíní ag maireachtáil sa ré thionsclaíoch.
- Iarr orthu cuntas a scríobh ar lá i saol an pháiste seo agus cuntas a scríobh ar lá ina saol féin in aice leis. D'fhéadfaí na scéalta seo a chur le chéile i bhfoirm clár scéalta agus a chur ar taispeáint i gcúinne Chearta an Duine.

SCÉAL PAULO

Paulo an t-ainm atá orm. Tá mé i mo chónaí sa Bhrasaíl Chónaigh mé le mo theaghlach ach ní chónaím leo anois. Tá mo thuismitheoirí iontach bocht agus bhí ocras orainn i gcónaí. Rinne mé iarracht cuidiú trí smaoineamh ar dhóigheanna le hairgead a fháil. Gach lá, chuardaigh mé sna boscaí bruscair ag cuardach miotail, cairtchláir agus seanadhmad.

Nuair a bhí burla díobh bailithe agam, dhíolainn iad le Miguel, an mangaire dramhaíola. Chuidigh an t-airgead a thug sé dom le bia a cheannach don teaghlach. Níor leor dúinn go léir é áfach.

Lá amháin, bhuail me le José ag láithreán fuílligh na cathrach. Drochlá a bhí ann. Bhí me ag cuardach go luath ar maidin ach ní bhfuair mé ach beagán dramhaíola. Ní raibh me ag súil le hoíche ocrach eile sa bhaile. Dúirt Jose, 'Tá aithne agam ar roinnt gasúr is sine a thuilleann airgead trí fuinneoga cairr a ghlanadh nó snas a chur ar bhróga. Chuardóimis iad le fáil amach an gcuideoidh siad.' D'imigh muid linn ag cuardach na ngasúr. Tháinig muid orthu faoi cheann de na droichid ina suí ar bhoscaí cairtchláir. Bhí cuid acu ag bolaíocht gliú.

'Cuideoimid cinnte', a dúirt Marcas an gasúr ba shine. 'Tig libh scuaba agus snas s'againne a fháil ar iasacht amárach ach caithfidh sibh leathchuid den airgead a thuilleann sibh a thabhairt dúinn. Ma oibríonn sibh go dian beidh sibh ábalta bhur gcuid scuab féin a cheannach ar ball.' Chodail muid faoin droichead an oíche sin. Bhí sé fuar. Chrónaigh mé mo dheartháireacha agus mo dheirfiúracha ach ar a laghad bhí duine amháin níos lú le cothú sa bhaile. Chaith mé bliain amháin ag maireachtáil ar na sráideanna. Níor mhaith liom é. In amanna, bhí eagla orm.

Rinne na daoine a bhí ina gcónaí sa cheantar gearán go raibh muid róchallánach. Bhí imní orthu go ngoidfeadh muid sealúchas s'acu. Ba mhinic a thiocfadh na péas nuair a bhí muid inár gcodladh agus go mbogfadh siad ar aghaidh muid.

Bhí fear ann fosta a thug cuairt orainn go minic agus a thug bia dúinn nuair a bhí ocras orainn. Fear cineálta a bhí ann agus bhí sé ag iarraidh orainn stop a chur leis an obair agus le dul ar scoil. Rinne me iarracht míniú dó go raibh an t-airgead de dhíth ar mo thuismitheoirí agus go raibh me aibí go leor le cuidiú leo. Rachainn ar ais ar scoil lá éigin ach chan go fóill. Ansin lá amháin …

Scéal Paulo – Ráitis Fhaisnéise

Paulo

Samhlaigh gur tusa Paulo.

Bí réidh scéal do shaoil a insint i d'fhocal féin. Cad é mar atá sé le bheith ag maireachtáil ar na sráideanna? Cad iad na baoil? Cad é a chuireann brón ort? Cad é a chuireann áthas ort?

Cad é atá le rá agat leis na daoine a chónaíonn sa cheantar ina gcodlaíonn tú?

Cad é atá le rá agat le do thuismitheoirí?

Cad é a shíleann tú faoin fhear a thug cuairt ort le bia? Cad é ba mhaith leat a rá leis?

Daoine a chónaíonn sa chomharsanacht

Samhlaigh gur sibh na daoine a chónaíonn ar an tsráid thart faoina bhíonn Paulo agus na páistí eile sráide ag máinneáil thart.

Cad é a shíleann sibh faoin 'fhadhb' seo?

Cad é a dhéanfaidh sé do luach bhur dtithe?

Cad é a ba mhaith libh a bheith déanta faoi na páistí sráide?

Cad é a ba mhaith libh a rá leo?

An Fear Cineálta

Samhlaigh gur tusa an fear a dhéanann iarracht cuidiú leis na páistí sráide. Inis dúinn faoi do shaol. Cén fáth a bhfuil cion agat ar na páistí seo?

Cad é mar atá súil agat cuidiú leo?

Cén dóigh a shíleann tú ar féidir leo a saolta a fheabhsú?

Cad é atá le rá agat leis na daoine sin sa chomharsanacht ar mhaith leo go mbogfaí ar aghaidh iad?

Tuismitheoirí Paulo

Samhlaigh gur sibh tuismitheoirí Paulo.

Cá mhéad páistí atá agaibh?

Smaoinígí air agus labhraígí faoina dheacra atá sé bhur bpáistí a thógáil le ganntanas airgid.

Cad é a shíleann sibh faoi Paulo ag maireachtáil ar na sráideanna?

Inis dúinn faoi bhur ndóchais agus bhur n-eagla maidir le bhur bpáistí.

Ag Obair ar Son Chearta an Duine

Téama Chroig

Tuairiscíonn Crog don Ard-Chomhairle go gcreideann daoine ar an Domhan i smaoineamh Chearta an Duine. Cluineann sé scéalta gach lá faoin dóigh a oibríonn daoine ar son Chearta an Duine ar bhealaí móra agus beaga. Tá sé mar aidhm ag Crog cuid de na scéalta seo a fhiosrú le cuidiú ó na páistí agus ba mhaith leis na heiseamláirí seo a thuairisciú don Ard-Chomhairle.

Eochairfhocal: COTHÚ

Cuspóirí foghlama:

Cuirfear ar chumas na bpáistí:

- foghlaim faoi na daoine aonair agus na grúpaí a oibríonn/a d'oibrigh le cearta a chosaint;
- scileanna samhlaíochta, agallaimh agus cumarsáide a fhorbairt
- meas a bheith acu ar an phláinéad agus ar na daoine go léir a chónaíonn air.

Rudaí atá de dhíth ort

- Scéalchárta Chearta an Duine amháin do gach grúpa ó Leathan Oibre 11.
- Cóipeanna den Choinbhinsiún um Chearta an Pháiste (ba chóir go mbeadh cóip de ag na páistí ina gcomhad ó Cheacht a Cúig).
- Cruinneog nó liathróid inséidte.

Gníomhaíocht Roghnach

- Léarscáil shimplí den cheantair áitiúil do gach páiste sa rang.

Réamhghníomhaíocht

- Más féidir, socraigh na páistí i gciorcal. An chruinneog i do lámha agus tú á casadh go fadálach, abair leis na páistí gur seo an pláinéad álainn ar a chónaímid. Mínigh nuair a chéadtaistil na spásairí go dtí an ghealach ba í sin an chéad uair riamh a raibh deis ag daoine an pláinéad a fheiceáil i bhfad uathu. Agus iad ag taisteal ina roicéad agus ag imeacht ón Domhan chuardaigh siad agus d'aimsigh siad na bailte sna Stáit Aontaithe ina raibh siad ina gcónaí ar dtús, agus níos moille chonaic siad Meiriceá Thuaidh agus Theas agus na haigéin thart orthu, agus nuair a ghluais siad níos faide sa spás chonaic siad na mór-ranna eile agus ansin níos faide agus níos faide ar shiúl i ndorchadas an spáis chonaic siad an Domhan, chan mar bhailiúchán tíortha, mór-rann agus farraigí, ach mar phláinéad álainn beo a bhí cosúil le 'péarla gorm sa spás'.
- agus tú ag cur na cruinneoige thart ar an chiorcal, iarr orthu amharc uirthi agus rud amháin a ba mhaith leo a dhéanamh leis an domhan a choinneáil slán don todhchaí a rá.
- Nuair atá smaointe na páistí curtha in iúl, mínigh go bhfuil siad ag dul a fhoghlaim anois faoi ghrúpaí agus daoine a oibríonn le háit níos fearr a dhéanamh den domhan, daoine a oibríonn le cearta an duine a chothú.

Gníomhaíocht Forbartha

- Scar an rang i ngrúpaí agus tabhair scéalchárta amháin ó Leathan Oibre 11 do gach grúpa. Is é tasc an ghrúpa an cárta a léamh agus, ag tagairt don Choinbhinsiún um Chearta an Pháiste, cinneadh a dhéanamh ar an cheart atá á chosaint.
- Abair leis na páistí go mbeidh tú ag tabhairt cuairte ar gach grúpa i gceann 5 nóiméad lena scéalchárta a phlé leo. Ansin, is féidir leis an rang iomlán an méid daoine agus grúpaí ar an Domhan atá ag obair ar son Chearta an Duine a thuairisciú do Crog.
- Tabhair cuairt ar gach grúpa agus iarr ar pháiste amháin an duine nó an t-eagras ina scéal a ainmniú. Iarr air/uirthi an ceart atá á chosaint ina scéal agus na rudaí a rinne gach duine nó grúpa le tacú le Cearta an Duine a rá. Iarr ar na daoine eile sa rang má tá ceist ar bith acu don ghrúpa.
- Iarrtar ar gach grúpa a scéalchártaí a chur i gcúinne Chearta an Duine. Leis an ghníomhaíocht a chríochnú, iarr ar na páistí má shíleann siad go mbeidh iontas ar an Ard-Chomhairle nó go mbeidh siad sásta leis an méid daoine agus grúpaí a oibríonn ar son Chearta an Duine.
- Cuir deireadh leis an cheacht ag iarraidh ar pháiste amháin an t-eochairfhocal a scríobh ar rannóg den spáslong. Is féidir leis na páistí an focal nua a scríobh ar a spáslong féin agus an rannóg nua seo a mhaisiú.
- Le críochnú: Ainmnigh duine éigin a d'oibrigh ar son Chearta an Duine.

Gníomhaíocht Fairsingithe Roghnach: Tíreolaíocht

- Cuir an rang i mbeirteanna nó i ngrúpaí de thriúir. Tabhair léarscáil shimplí den cheantar áitiúil thart ar an scoil do gach paiste.
- Iarr ar na páistí áiteanna a gcothaítear cearta páistí a ainmniú agus a líniú ar an léarscáil, m. sh., otharlann, áit adhartha nó scoil.

Iarr orthu má tá cearta ann nach bhfuil á gcothú go sásúil sa cheantar áitiúil. Smaoinigh ar, mar shampla, an cheart ag páistí chun súgartha nó chun bualadh le chéile lena gcuid tuairimí a chur in iúl. Cad iad na struchtúir atá i bhfeidhm chun ligean do páistí leas a bhaint as na cearta seo? Spreag na páistí le háiseanna a dhearadh a shíleann siad a chuideodh le riaradh ar na riachtanais seo.

Más cuí é, socraigh deis do na páistí cuairt a thabhairt ar na hinstitiúidí sa cheantar áitiúil a d'aithin siad mar áit a gcothaíonn Cearta an Duine, nó tabhair cuireadh d'urlabhraithe ó na hinstitiúidí seo le labhairt leis an rang faoin dóigh le Cearta an Duine a chothú sa phobal.



Gníomh Chearta an Duine



Scéalchárta 1

Bhí páistí Scoil Náisiúnta Naomh Áine i Seanchill, Co. Átha Cliath ina gcónaí cóngarach d'ionad teifeach. Fuair siad amach nach raibh bréagán nó clós súgartha ar bith ag na páistí a bhí ina gcónaí san ionad. Bhí a fhios acu go raibh ag gach páiste an ceart chun súgartha. Chinn siad ar airgead a thiomsú le bréagáin agus trealamh a cheannach don Ionad Teifeach.

Bhí 'Comórtas Scór a Thuar' agus reic cístí acu ag an scoil. Leis an airgead a thiomsaigh siad, cheannaigh siad trealamh súgartha lasmuigh agus bréagán do gach páiste san Ionad Teifeach. Thug páistí Scoil Naomh Áine agus a dteaghlaigh cuairt ar an Ionad Teifeach le haithne a chur ar na páistí ansin agus a dteaghlaigh. Bhí cóisir agus am iontach acu ag súgradh leis na bréagáin úra!



Scéalchárta 2

Tá Shakti ina cónaí i sráidbhaile sna sléibhte i dTuaisceart na hIndia. Tá na sléibhte clúdaithe le foraoisí áille. Tháinig strainséirí le déanaí le meaisíní móra chun na crainn sna foraoisí a leagan. Ní raibh muintir an tsráidbhaile ag iarraidh go leagfaí a bhforaois. Ar dtús, bhí eagla ar dhaoine rud éigin a dhéanamh ach is gá dóibh na crainn a shábháil. Chinn Shakti, a máthair agus na mná eile ón sráidbhaile barróg a thabhairt do na crainn chun stop a chur leis na meaisíní dá leagan. Ar ball, thuig muintir uile na hIndia agus tíortha eile an rud a bhí siad ag déanamh. Tugadh an Ghluaiseacht Chipko orthu mar go gciallaíonn 'Chipko' barróg i Hindí, a dteanga áitiúil. Ar ball, d'imigh na gearrthóirí crann agus chuir an rialtas stop le comhlachtaí crainn a leagan le deich mbliana.

Gníomh Chearta an Duine

Scéalchárta 3

Bhí grúpa páistí ó scoil ar an Bhaile Meánach ag déanamh tionscadail ar Chearta an Duine. Chinn siad ar rud éigin a dhéanamh a chuirfeadh stop le bulaíocht ina scoil. Bhailigh siad cuid mhór eolais. Ansin rinne siad taispeántas ina scoil sa dóigh gur féidir leis na páistí go léir léamh faoi bhulaíocht. Rinne siad rólghníomhaíochtaí fosta. Rinne siad iad seo do na páistí níos óige sa dóigh go mbeadh eolas acu ar a ghoilliúnaí agus a bhí bulaíocht agus ar an dóigh chun stop a chur léi.

Ag Obair ar son Chearta an Duine

Téama Croc

Tá Crog ar tí imeacht ón Domhan. Tá an Ard-Chomhairle sásta gur rud maith é an smaoineamh Cearta an Duine agus tá siad tiomanta chun cearta gach saoránach ar a bpláinéad a scríobh síos. Iarrann Crog ar na páistí go dtabharfaidh siad féirín a thabharfaidh siadsan abhaile leo agus ba mhaith leo imeacht lena ngealltanas go leanfaidh siad ar aghaidh ag obair ar son Chearta an Duine.

Eochairfhocal: GNÍOMH

Cuspóirí foghlama

Cuirtear ar chumas na bpáistí:

- foghlaim gur féidir leo páirt dhearfach a ghlacadh i gcosaint Chearta an Duine;
- a aithint de thairbhe go bhfuil a gcuid ceart an eolas acu tá siad cumasaithe le hiarraidh go mbeidh siad acu;
- scileanna le cinnteoireacht grúpa, comhoibriú agus gníomh a fhorbairt;
- gealltanas le gníomhú a fhorbairt.

Rudaí atá de dhíth

- Cóip de Leathan Oibre 12, Éirigh de Thalamh, do gach páiste.
- Páipéir agus pinn do gach grúpa de sheisear páistí ar a mhéad.

Réamhghníomhaíocht

- Cuir an rang i ngrúpaí agus tabhair pinn agus leathan mór páipéir do gach grúpa. Agus iad ina ngrúpaí, iarr orthu smaointe a ransú ar bhealaí a d'fhéadfadh cuidiú le daoine a gcearta a bheith acu. Mar shampla, cad é mar is féidir leo a chinntiú go bhfuil ag daoine an ceart chun súgartha, chun oideachais agus chun timpeallachta sláintiúla? Iarr ar gach grúpa urlabhraí a ainmniú lena gcuid smaointe a chur in iúl do na daoine eile sa rang.

Gníomhaíocht Forbartha

- Tabhair cóip de Leathan Oibre 12, Éirigh de Thalamh. Mínigh gur taifead buan é an Leathan Oibre Éirigh ar a ngealltanas pearsanta le hathrú. Óna gcomhliosta ransaithe smaointe, roghnaigh rud amháin, is féidir leo a dhéanamh go furasta, agus scríobh síos é i mbosca uimhir 5 cuntas síos. Is rud é seo nach bhfuil cuidiú ar bith de dhíth orthu agus gur féidir leo féin a dhéanamh.
- Ansin, roghnaigh an dara réad óna liosta. Tá sé seo giota beag níos deacra agus is féidir go mbeidh níos mó iarrachta agus ama de dhíth lena dhéanamh. Féadann an gníomh seo níos mó ama a ghlacadh agus is féidir é a chlárú i mbosca 4.
- Faoi dheireadh, is féidir leis na páistí leanúint ar aghaidh a n-iarrachtaí do Chearta an Duine a thaifead, gach ceann ag éirí níos deacra le baint amach ó thaobh ama agus iarrachta de. Táthar ag súil gur féidir leis na páistí a gcuntas síos do Chearta an Duine a dhéanamh agus a spriocanna a bhaint amach. Nuair atá seo déanta acu, tá a roicéad réidh le héirí den talamh agus tá gach rud réidh.
- Cuir deireadh leis an cheacht trí iarraidh ar pháiste amháin an t-eochairfhocal a scríobh ar rannóg den spáslong. Is féidir leis na páistí an focal nua a chur ar a spáslong féin agus an rannóg nua seo a mhaisiú.

Gníomhaíocht Fairsingithe Roghnach: ICT

- Is féidir teacht ar scoil eile le nasc a dhéanamh trí ríomhphost nó físchomhdháil a shocrú a chuideodh le comhghealltanas do Chearta an Duine a fhorbairt. Is féidir leis na bearta atá déanta ag na páistí ag deireadh an tseisiúin seo a úsáid mar bhunús le smaointe a ransú go leanúnach le páistí in ábhair eile.
- Mar shampla, i ndiaidh dóibh iad féin a chur in aithne dá chéile ar dtús, is féidir na páistí a chur i mbeirteanna le páistí eile agus eolas a mhalartú ar:
  1. na smaointe atá acu le haghaidh gnímh;
  2. an dóigh a bhfuil a ngníomh ag dul chun cinn.
- Nó d'fhéadfaí an rang iomlán eolas a mhalartú le páistí ó rang amháin ag cur tuarascálacha leanúnacha ar a ngníomhaíochtaí chuig páistí sa scoil eile.



Leathan Oibre a Dó Dhéag

Aguisín I

ACHOIMRE AR AN CHOINBHINSIÚN UM CHEARTA AN PHÁISTE

CEART
Tá an ceart chun saoil ag gach páiste
Tá ag gach páiste an ceart chun ainm agus chun náisiúntachta
Tá ag páistí an ceart chun a bheith lena dteaghlach nó leo siúd a thabharfaidh an aire is fearr dóibh
Tá ag páistí an ceart chun go leor bídh agus uisce ghlain
Tá ag páistí an ceart chun caighdeán measartha maireachtála
Tá ag páistí an ceart chun cúram sláinte
Tá ag páistí le míchumas an ceart chun cúraim speisialta agus traenála
Tá ag páistí an ceart chun súgartha
Tá ag páistí an ceart chun oideachais atá saor agus fóirsteanach
Tá ag páistí an ceart chun a bheith coinnithe slán agus gan a bheith gortaithe ná neamart déanta iontu
Ní cóir go n-úsáidfear páistí mar oibrithe saora ann nó mar shaighdiúirí
Ní mór cead a thabhairt do pháistí a dteanga féin a labhairt agus a reiligiún féin agus a gcultúr féin a chleachtadh
Tá ag páistí an ceart chun an ní a smaoiníonn siad a rá agus chun bualadh le chéile lena a dtuairimí a nochtadh

Aguisín II

Liostaí Áiseanna

Our World Our Rights

Amnesty Idirnáisiúnta, Aois 8-12

Tá an leabhar seo deartha le páistí bunscoile a chur ar an eolas faoi Dhearbhú Uile Chearta an Duine. Cuidíonn sé leo tuiscint a fháil ar choincheapa ceart agus freagrachtaí agus ciall an Dearbhaithe. Tá leabhar infhótachóipeála a théann leis le treoirlínte do mhúinteoirí, agus cluichí agus gníomhaíochtaí ann.

Imagine

Amnesty International, 2003

This video of children from around the world singing the famous John Lennon song is accompanied by teaching materials which will help children respond creatively to its inspiring message.

Working Now

Birmingham DEC 1989, Aois 4-12

Pacáiste bunscoile ag taiscéaladh róil inscne maidir le cúrsaí oibre. Tá cleachtaí, smaointe le haghaidh díospóireachta agus tacar grianghraf d'fhir agus de mhná ag obair ó róil neamhthraidisiúnta.

Celebrating Difference

Crosscare/Blackrock Education Centre 1996, Aois 9-12

Clár idirchultúrtha do na ranganna sóisearacha bunscoile a thaiscéalann agus a cheiliúrann éagsúlacht chultúrtha trí na téamaí a leanas: éagsúlacht, tithe agus ceangal le muintearas.

Challenging Racism -Valuing Difference

Headstart 1997, Aois 8-12

Leabhar gníomhaíochtaí don bhunscoil. Tá smaointe agus gníomhaíochtaí sa leabhar a chuireann ar chumas páistí a dtuiscint ar chiníochas a mhéadú agus a n-ábaltacht chun cur ina éadan a mhéadú. Tá faisnéis faoi stair agus cúiseanna ciníochais fite fuaite i ngníomhaíochtaí a thaiscéalann dearcaí, mothúcháin agus eispéiris.

Let's Co-operate

Peace Pledge Union 1990, Aois 4-12

Tá breis agus 200 cluiche agus gníomhaíocht ann do pháistí a chuireann comhoibriú agus réiteach coimhlintí chun cinn ar bhealaí samhlaíocha agus sultmhara. Tá físeán a théann leis ar fáil ar iasacht.

Everyone Can Win

Simon and Schuster 1989

Bealach taitneamhach le hamharc ar choimhlint, agus é mar chuspóir aige léiriú a thabhairt ar an dóigh a bhféadfaidh réiteach sona a bhaint amach le cumarsáid fheabhsaithe agus an dá thaobh ina mbuaiteoirí. Smaointe agus comhairle tugtha do mhúinteoirí ar mian leo coimhlint a thaiscéaladh, ar bhonn áitiúil agus ar bhonn domhanda.

Values and Visions

DEP/Christian Aid/Cafod 1995, Aois4-12

Lámhleabhar maidir le forbairt spioradálta agus feasacht dhomhanda, ina bhfuil treoirlínte ann do mhúinteoirí agus raon gníomhaíochtaí praiticiúla ar mhaithe le forbairt spioradálta agus mhorálta i scoileanna. Is an-úsáideach an raon leathan modheolaíochtaí le haghaidh scileanna cumarsáide, féinmhuinín agus forbairt foirne a fheabhsú.

Co-operative Games – Activities for a peaceful world

Peace Pledge Union, 2002

Ceanglaíonn an leabhar seo an teoiric leis an iliomad samplaí praiticiúla agus pleananna ceachta simplí réidh le húsáid ann.

Winners all – Co-operative games for all ages

Pax Christi, 1980

Is foilseachán saor athfhoilsithe é seo riachtanach do gach múinteoir, ceannaire ógra agus do duine ar bith a bhfuil cóisir le heagrú acu!

Compass – A Manual on Human Rights Education with Young People

Council of Europe Publishing, 2002

Is lámhleabhar ar oideachas chearta an duine é Compass a thugann smaointe coincréiteacha agus gníomhaíochtaí praiticiúla do cheannairí ógra, do mhúinteoirí agus d'oideachasóirí eile, bíodh siad ina ngairmeach nó ina ndeonaí, smaointe a spreagann daoine óga a phléann leo agus a dhéanann iad páirteach le gur féidir leo feasacht dhearfach a spreagadh ar chearta an duine ar a mbealaí féin agus ina bpobail féin. Cothaíonn sé tuiscint leathan ar oideachas chearta an duine –cláir agus gníomhaíochtaí oideachasúla a dhíríonn ar chomhionannas agus ar dhínit an duine a chur chun cinn. Molta go hard.

Time for Rights

Unicef/Save the Children, 2002

Taiscéalann an pacáiste teagaisc saoránacht agus cearta maidir leis an Choinbhinsiún um Chearta an Pháiste trí rólghníomhaíochtaí, trí chartúin, trí dhánta agus trí ghníomhaíochtaí atá an éagsúil ar fad. Breathnaíonn an leabhar ar cad is ciall do chearta do pháiste aonair sa teaghlach agus sa phobal.

The World in the Classroom

Trócaire/CDU, 2000

Leagann an lámhleabhar múinteora seo amach deiseanna agus smaointe praiticiúla le cearta an duine, ceisteanna forbartha agus éagsúlachta a thabhairt isteach ar fud Churaclam Bunscoile na hÉireann.

World Organisations: Amnesty International

Franklin Watts, 2000

Tá an leabhar faisnéise seo do phaistí is sine agus scrúdaíonn sé an dóigh a n-oibríonn Amnesty Idirnáisiúnta chun ainghníomhartha a chosc agus chun cearta an duine ar fud an domhain a chosaint.

Póstaer Fáilte

Coventry LEA

Póstaer atá ann le teachtaireacht fáilte ann i dteangacha éagsúla.

Ta na haiseanna uile ar fáil ó Rannóg Éireannach Amnesty, Baile Átha Cliath, agus Gaillimh agus ó Trócaire, Béal Feirste.

Aguisín III

LÍONLAITHREÁIN

Amnesty Idirnáisiúnta (Rannóg Éireannach)
www.amnesty.ie

Amnesty Idirnáisiúnta (Rannóg na RA)
www.amnesty.org.uk

Education International
www.ei-ie.org

Ceardchumann Mhúinteoirí Uladh
www.utu.edu

Cumann Mhúinteoirí Éireann
www.into.ie

Comhaltaí Oideachas Chearta an Duine
www.hrea.org

Coimisiún Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine
www.nihrc.org

Coimisiún Phoblacht na hÉireann um Chearta an Duine
http://homepage.tinet.ie/~ihrc

Ard-Choimisiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine
www.unhchr.ch

Líonláithreán Scoileanna na Náisiún Aontaithe
www.un.org/Pubs/Cyberschoolbus

Unicef (Cearta an Pháiste)
www.unicef.org/crc

Scoilnet
www.scoilnet.ie

An Chomhairle Curaclaim, Scrúdúchán agus Measúnaithe
www.ccea.org.uk

An Chomhairle Náisiúnta um Churaclam agus Measúnú
www.ncca.ie

Aguisín IV

MEASÚNÚ AR FHOGHLAIM

Seicliosta do Mhúinteoirí

Is féidir an seicliosta seo a úsáid ag tús, lár agus deireadh an chláir le forbairtí thuiscint, scileanna agus dhearcaí an pháiste a thaifeadadh maidir le heochairchoincheapa an chláir.

1. Cé comh maith a léirigh na páistí gur féidir leo úsáid chuí a bhaint as foclóir chearta an duine (e.g., riachtanais, mianta, cearta, freagrachtaí)?

   ☐ iontach suntasach ☐ suntasach ☐ meán ☐ beagán ☐ suarach

   Léirítear samplaí:

   _____

   _____

   _____

2. Cá mhéad atá páistí in ann ceisteanna chearta agus fhreagrachtaí an duine a aithint sa saol laethúil?

   ☐ iontach suntasach ☐ suntasach ☐ meán ☐ beagán ☐ suarach

   Léirítear samplaí:

   _____

   _____

   _____

3. Cá mhéad atá páistí in ann teagmhais a aimsiú a léiríonn coimhlintí chearta an duine?

   ☐ iontach suntasach ☐ suntasach ☐ meán ☐ beagán ☐ suarach

   Léirítear samplaí:

   _____

   _____

   _____

4. Cá mhéad atá daltaí in ann samplaí a thabhairt agus labhairt faoi chearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint?

☐ iontach suntasach ☐ suntasach ☐ meán ☐ beagán ☐ suarach

Léirítear samplaí:

_____

_____

_____

5. Cá mhéad a léiríonn daltaí gur féidir leo éisteacht go hurramach?

☐ iontach suntasach ☐ suntasach ☐ meán ☐ beagán ☐ suarach

6. Cá mhéad a léiríonn daltaí gur féidir leo smaointe agus dearcaidh a chur in iúl go soiléir?

☐ iontach suntasach ☐ suntasach ☐ meán ☐ beagán ☐ suarach

7. Cá mhéad a léiríonn daltaí gur féidir leo obair i ngrúpaí?

☐ iontach suntasach ☐ suntasach ☐ meán ☐ beagán ☐ suarach

8. Cá mhéad a léiríonn daltaí gur féidir leo réitigh ar choimhlintí nó ar fhadhbanna chearta an duine a mholadh?

☐ iontach suntasach ☐ suntasach ☐ meán ☐ beagán ☐ suarach

Léirítear samplaí:

_____

_____

_____

9. Cá mhéad a léiríonn daltaí gur féidir leo bheith páirteach i bplé agus i ndíospóireacht ranga?

☐ iontach suntasach ☐ suntasach ☐ meán ☐ beagán ☐ suarach

10. Cá mhéad a léiríonn daltaí gur féidir leo dearcaí a aimsiú atá teorantach agus dochrach?

☐ iontach suntasach ☐ suntasach ☐ meán ☐ beagán ☐ suarach

Léirítear samplaí:

_____

_____

_____

11. Cá mhéad a léiríonn daltaí gur féidir leo athruithe ar a gcuid dearcaí a aimsiú?

☐ iontach suntasach ☐ suntasach ☐ meán ☐ beagán ☐ suarach

Léirítear samplaí:

_____

_____

_____

12. Cá mhéad a léiríonn daltaí gur féidir leo machnamh ar a ndearcaí i dtaca le idéanna agus tuairimí daoine eile?

☐ iontach suntasach ☐ suntasach ☐ meán ☐ beagán ☐ suarach

Léirítear samplaí:

_____

_____

_____

13. Cá mhéad a léiríonn daltaí gur féidir leo cur suas le daoine eile a bhfuil a mhalairt de dhearcadh acu?

☐ iontach suntasach ☐ suntasach ☐ meán ☐ beagán ☐ suarach

Léirítear samplaí:

_____

_____

_____

14. Cá mhéad a aithníonn daltaí an nasc idir dearcaí agus gníomhartha?

☐ iontach suntasach ☐ suntasach ☐ meán ☐ beagán ☐ suarach

Léirítear samplaí:

_____

_____

_____

Teimpléad a hAon



Teimpléad a Dó



Teimpléad a Trí